

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

An Ghníomhaireacht um
Thithíocht agus Pobail
Inbhuanaithe ag feidhmiú mar
'an Ghníomhaireacht Tithíochta'



gníomhaireacht
tithíocht

IS Í ÁR BHFÍS GO
MBEIDH GACH
DUINE ÁBALTA
CÓNAÍ I **DTITHE
ARDCHAIGHDEÁIN,
INACMHAINNE
I BPOBAIL
INBHUANAITHE**

@HousingAgencyIE



gníomhaireacht tithíocht

Foilsithe org:
Gníomhaireacht Tithíocht

Dáta foilsithe:
Lúnasa 2018

Sonraí teagmhála
Gníomhaireacht Tithíocht
53 Sráid an Mhóta Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

01 656 4100
info@housingagency.ie

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, tabhair cuairt ar
www.housingagency.ie

ISBN 978-1-903848-49-4

An clár ábhar

01 Eolas fúinne agus faoina ndéanaimid	2
Key achievements in 2017	4
02 Ráiteas an Cathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	7
03 Tuairisc ar Fheidhmíocht	12
04 Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	27
05 Ráitis Airgeadais	
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	34
Tuarascáil an Ard-Reachtaire	
Cuntas agus Ciste	42
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas	43
Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2017	44
Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas	45
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	46
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	47

Eolas fúinne agus faoina ndéanaimid

Is gníomhaireacht rialtais í an Gníomhaireacht Tithíochta a dhíríonn ar thacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) agus Comhlachtaí Tithíochta Faofa (AHBanna). Chomh maith leis sin, cuireann an Gníomhaireacht an Scéim Leasúcháin Piríte i bhfeidhm agus is í an Gníomhaireacht rialtóir eatramhach na hearnála AHB.

Eolas fúinne

Is comhlacht neamhroinne muid faoi choimirce an DHPLG. Oibrímid go dlúth lenár gcomhghleacaithe sa DHPLG chun a chinntiú go gcomhlíontar cuspóirí beartais an aire agus chun tacú leo. Táimid faoi réir an Chóid Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus an Chóid Caiteachais Phoiblí. Oibrímid ar bhealach atá go hiomlán freagrach agus trédhearcach.

Is é ár bpríomhfhéidhm seirbhísí a chur ar fáil don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus thar ceann an Aire, agus do gach údarás áitiúil atá ag tabhairt faoina bhfeidhmeanna faoi na hAchtanna Tithíochta. Áirítear leis na seirbhísí sin:

- Taighde agus Anailís Tithíochta
- Comhairle agus Tacaíochtaí Soláthair Tithíochta
- Seirbhísí Údarás Áitiúil
- Seirbhísí Comhlachtaí Tithíochta Faofa
- Tacaíochtaí Morgáiste
- Clár Fála
- Tionscadail Tithíochta agus Seirbhísí Soláthair
- Leasúchán Piríte
- Rialáil na gComhlachtaí Tithíochta Faofa

Ár ról

D'fhorbair ár ról go suntasach ó bunaíodh go foirmiúil muid in 2012. Tacaímid go gníomhach le tithíocht shóisialta a sholáthar agus a bhainistiú sna húdaráis áitiúla agus AHBanna. Oibrímid go dlúth leis an DHPLG chun beartas tithíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Leathnaíodh ár ról go mór i ndiaidh don rialtas Éire a Atógáil, Plean Gníomhaíochta an Rialtais um Thithíocht agus Easpa Dídine a fhoilsiú. Táimid bainteach le, nó ag stiúradh, soláthar réimse leathan gníomhaíochtaí faoin bplean sin, lena n-áirítear: Aonad Soláthair Tithíochta agus Ionad Ilfhreastail a bhunú do AHBanna; 1,600 teaghais a fháil ó bhainc agus institiúidí airgeadais; agus obair i ndáil leis an earnáil chiosa agus áiteanna cónaithe folmha a úsáid

An chaoi a mbainistítear muid

Rialaíonn Bord a cheapann an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil muid. Tá an Bord freagrach as a chinntiú go dtugaimid faoinár bhfeidhmeanna go héifeachtach agus go gcomhlíonaimid ceanglais reachtúla. Stiúir ár gCathaoirleach, an Dr Conor Skehan, ár mBord i rith 2017. I mí Aibreáin 2018, ceapadh

Michael Carey mar Chathaoirleach, agus tháinig sé i gcomharbacht ar Conor Skehan. Tá an Bord freagrach as ár dtosaíochtaí a mhúnlú, ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil agus maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár bhfeidhmeanna. Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chun maoirsiú a dhéanamh ar phríomhréimsí bainistíochta airgeadais agus riosca.

Tugann an Feidhmeannas agus foireann na Gníomhaireachta faoin obair ó lá go lá agus faoin soláthar seirbhísí. Tugann ár bhFeidhmeannas faoi riaradh agus gnó na Gníomhaireachta, déanann sé iad a bhainistiú agus rialáonn sé iad. Bíonn an obair sin ar fad faoi réir mhaoirseacht an Bhoird. Bíonn an Feidhmeannas á stiúradh ag ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, John O'Connor, atá freagrach as ceannaireacht agus treo na bhfeidhmeanna feidhmiúcháin ar fad.

Is muid an Rialtóir eatramhach don earnáil AHB agus tuairiscítear ar na gníomhaíochtaí sin i dtuarascáil bhliantúil ar leith. Déanann Bord Rialála eatramhach maoirseacht ar an oifig rialála.

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as an Scéim Leasúcháin Piríte a chur i bhfeidhm. Tá bord ar leith ann chun é sin a mhaoirsiú, an Bord Réitigh Piríte.

Ár mBord

Tá Cathaoirleach agus seachtar comhaltaí a cheapann an tAire ar ár mbord. An 31 Nollaig 2017, ba iad an Cathaoirleach, agus an seachtar comhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Eagraíocht
Conor Skehan	An Cathaoirleach
Tony O'Brien	Sainchomhairleoir Bainistíochta
Donal McManus	Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
John Burke	An Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí
Mary Hurley	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Michael Walsh	Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
Lorraine Lynch	Comhairle Contae Chorcaí
John O'Connor	An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Ba iad comhaltaí Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta in 2017:

Comhalta Coiste	Eagraíocht
Tony O'Brien	Sainchomhairleoir Bainistíochta
Caroline Gill	An Bord Leasúcháin Piríte
Donal McManus	Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
Lorraine Lynch	Comhairle Contae Chorcaí

Ár bhFoireann

Bhí 64 comhalta foirne ag an nGníomhaireacht Tithíochta amhail deireadh 2017. Ba iad an Fhoireann Ardbhainistíochta:

Ainm	Ról
John O'Connor	An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
David Silke	An Stiúrthóir Taighde agus Gnóthaí Corparáideacha
Susanna Lyons	An Ceann Rialála
Jim Baneham	An Ceann Soláthair Tithíochta agus Tacaíochtaí Morgáiste
Peter Hesse	Bainistíocht Tionscadal agus Oifigeach Soláthair
Margaret Jordan	An Ceann Airgeadais

An Ghníomhaireacht Tithíochta Príomh- ghnóthachtálacha in 2017



243 mheasúnacht
airgeadais
déanta chun

4,102 teach

a chur ar fáil

426 theach

faighte trí NAMA
in 2017




Gníomhaireacht Náisiúnta
um Bhainistíocht Sócmhainní

29 dteach
i gCnoc na
hAoine, Corcaigh
críochnaithe agus
aistrithe



**Sraith
Straitéisí
HAP** forbartha
d'údaráis áitiúla



**365 fhoirgneamh
fholamha**

ceannaithe le haghaidh
tithíochta sóisialta

**1289 iarratas ar
lasachtaí chun
Teach a Cheannach
frithgheallta**



Treoir d'Úsáideoirí
maidir le Conradh
Oibreacha Poiblí
PW-CF2 d'Oibreacha
Tógála a dhréachtú





An Scéim Morgáiste go Cíos

a Athbhreithniú agus a Leathnú

Plean Straitéiseach Forbartha a fhorbairt do thalamh na Gníomhaireachta, agus dul chun cinn déanta ar 17 láithreán i dtreo iad a fhorbairt le haghaidh tithíochta

Tairiscintí agus ceapacháin shainchomhairleoirí d'údaráis áitiúla agus AHBanna a bhainistiú le haghaidh breis is 20 tionscadal tithíochta ar fud na tíre

Chláraigh beagnach 252 AHB

leis an gcód um rialáil dheonach agus cuireadh Caighdeán Rialachais i bhfeidhm in AHBanna móra

Príomhthairiscintí a rabhthas ina bhun in 2017



Réiteach Piríte:
Leasaíodh

392
theaghais

in 2017,
sin 945 san iomlán



Bord an Gníomhaireacht Tithíocht 2017



Conor Skehan
Cathaoirleach



Tony O'Brien
Sainchomhairleoir Bainistíochta



Donal McManus
Comhairle um Thithíocht
Shóisialta na hÉireann



John Burke
An Roinn Caiteachais
agus Athchóirithe



Mary Hurley
An Roinn Tithíochta, Pleanála
agus Rialtais Áitiúil



Michael Walsh
Comhairle Cathrach agus
Contae Phort Láirge



Loraine Lynch
Comhairle Contae Chorcaí



John O'Connor
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Gníomhaireacht Tithíocht

Ráiteas an Cathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Bhí tréimhse éifeachtach ag an nGníomhaireacht Tithíochta le dhá mhí dhéag anuas. Mhéadaigh gníomhaíocht i ngach réimse oibre dár gcuid; soláthar tithíochta, taighde agus tacú le húdaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta faofa i ndáil lena dtithíocht. Leanamar orainn ag tacú leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun a beartas tithíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Bhíomar ag obair i bpáirt le go leor eagraíochtaí chun ár gcuid aidhmeanna don bhliain a bhaint amach agus tacú le Plean Éire a Atógáil a chur i bhfeidhm. Áiríodh leo sin: an Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA), an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA), bainc, agus go leor eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach. Léiríodh an bhliain ghnóthach sa mhéadú suntasach ar ár gcaiteachas. Bhí caiteachas €33 milliún againn in 2016, a mhéadaigh go €114 milliún in 2017.

I dtéarmaí ár dtorthaí in 2017, ba cheart aird a tharraingt ar réimse áirithe, is é sin an úsáid a baineadh

as an gciste imrothlach €76 milliún, dar foráladh dúinn i gcáinainéis an Rialtais don bhliain. Úsáideadh an ciste chun tithe agus árasáin fholmha a cheannach ó bhainc agus ó institiúidí eile chun tacú le riachtanais tithíochta an náisiúin a chomhlíonadh. Dhíolamar na tithe agus na hárasáin le comhlachtaí tithíochta faofa agus chinntíomar gur baineadh leas as na réadmhaoine a ceannaíodh a luaithe agus a d'fhéadfaí. Ina theannta sin, fuaireamar réadmhaoine go díreach thar ceann údaráis áitiúla ar fud na tíre. Go sonrach, faoin gclár sin, cheannaíomar 536 teach agus árasán. Shainíomair réadmhaoine eile a d'fhéadfaí a úsáid freisin. Mar shampla, d'eagraíomar go gceannófaí réadmhaoine atá in úsáid anois mar mhoil teaghligh do dhaoine gan dídean agus don tionscnamh Tús Áite don Tithíocht le haghaidh daoine gan dídean.

“Caithfidimid leanúint orainn ag díriú agus ag obair in go leor réimsí; soláthar tithíochta go ginearálta agus a chinntiú go mbaintear leas as an stoc tithíochta atá againn sa tír faoi láthair.”

Leanamar ar aghaidh i mbliana lenár n-obair mhór i gcúrsaí Leasúcháin Piríte. In 2017, leasaíomar 388 áit chónaithe eile. Mar sin, leasaíodh 932 réadmhaoin ina iomláine go dtí seo.

Leanamar ar aghaidh ag obair le cabhrú le daoine faoi mhíchumas agus tithíocht a sholáthar dóibh siúd a bhfuil míchumas fisiciúil, intleachtúil, meabhairshláinte nó céadfach ag gabháil dóibh. Bhain obair faoi leith le treoir dearaidh a ullmhú agus a fhoilsiú i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le haghaidh daoine faoi mhíchumas meabhairshláinte.

Leanamar ar aghaidh ag obair le haghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí le Riaráistí Morgáiste a ghoilleann ar go leor líonta tí. Táimid ag obair le bainc, le hiasachtóirí eile – faoin Scéim Morgáiste chuig Cíos – agus le hÚdaráis Áitiúla i ndáil lena n-iasachtaí atá i mbaol. Is é ár sprioc iarracht a dhéanamh daoine a choinneáil ina n-áit chónaithe. Faoi dheireadh 2017, bhain 308 líon tí san iomlán leas as an scéim. Réimse an-tábhachtach amháin don Ghníomhaireacht Tithíochta is ea ár n-obair leis na comhlachtaí tithíochta faofa agus tacú leo chun tithíocht shóisialta a sholáthar.

Tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi mheasúnuithe ar mhaoiniú na n-eagraíochtaí sin. I rith 2017, thugamar faoi mheasúnuithe ar thionscadail a sholáthair os cionn 4,000 áit chónaithe nua.

Is muid an rialtóir eatramhach freisin d'earnáil na gcomhlachtaí tithíochta faofa (AHBanna). Tá an rialtóir ag obair leis an earnáil chun an rialachas agus

feidhmíocht a fheabhsú, chun tacú lena soláthar fadtéarmach agus le bainistiú na tithíochta sóisialta. Chláraigh 252 AHB leis an Rialachán. Cuimsíonn sé sin 95% den stoc tithíochta measta san earnáil.

Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta líon mór taighde agus anailíse i gcrích in 2017 ar raon mór réimsí. Rinneamar é sin le go mbeadh na sonraí agus an fhianaise iomchuí againn chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartas, cur i bhfeidhm agus cinnteoireacht. Ba thuarascáil thábhachtach a d'eisíomar i rith na bliana é an ráiteas bliantúil *National Statement of Housing Supply & Demand and Outlook for 2017 – 2018*. Bhí bainistíocht tionscadal agus soláthar ina bpríomhról don Ghníomhaireacht Tithíochta in 2017.

Rinneadh é sin chun tacú le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta ar fud na tíre. Cuireadh tionscadal sonrach amháin i gcrích i gCnoc na hAoine, Corcaigh. Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta oibreacha dearaidh agus bainistíochta tionscadal i gcrích do 29 áit chónaithe nua le haghaidh Chomhairle Cathrach Chorcaí. Ba chuid de chlár Athnuachana Cheathrú Iarthuaisceart Chorcaí an tionscadal sin.





Michael Carey,
An Cathaoirleach



John O'Connor,
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Mhéadaigh an líon gníomhaíocht foirgníochta atá ar bun go mór i rith 2017. Cuireann an Gníomhaireacht Tithíochta fáilte roimh an méadú sin. Caithfimid leanúint orainn ag díriú agus ag obair in go leor réimsí; soláthar tithíochta go ginearálta agus a chinntiú go mbaintear leas as an stoc tithíochta atá againn sa tír faoi láthair. Dhírigh an Gníomhaireacht Tithíochta ar inacmhainneacht tithíochta, bíodh sin le fáil ar cíos nó le ceannach, agus leanfar leis an sprioc sin. Caithfimid a chinntiú go dtuigtear tábhacht na hearnála cíosa ina hiomláine agus cabhraímid le cóiríocht d'ardchaighdeán ar cíos a fháil dóibh siúd a dteastaíonn a leithéid uathu.

Bhí cur i bhfeidhm na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus i Rialtais Áitiúla, le tacaíocht na Gníomhaireachta Tithíochta, ina éacht mór.

Faoi dheireadh 2017, bhí níos mó ná 32,000 ag fáil HAP. Tá HAP ceaptha teacht in áit an Fhorlíonta Cíosa d'fhormhór na líonta tí a fhaigheann é. D'éirigh go maith leis an gcur i bhfeidhm. Ba cheart tréaslú leis na hÚdaráis Áitiúla de bharr chomh héifeachtach is a bhí siad.

I rith 2017, chonaiceamar freisin tús fhorbairt Phlean Forbartha Náisiúnta 2040. Tá an Gníomhaireacht Tithíochta ag cur leis sin go leanúnach. Tá sé riachtanach go mbeadh plean maith factéarmach i bhfeidhm againn, ag freastal ar ár gcuid riachtanas ar fad, ar mhaithe le forbairt ár dtíre amach anseo. Bhí sé tábhachtach go mbeadh an ghné tithíochta de sin ceart agus go soláthróimis an cineál ceart tithíochta, a bheadh comhtháite i gceart leis an gcuid eile den stoc agus forbairtí reatha.

Ag breathnú chun cinn go 2018, is iad na príomhrudaí a gcaithfimid aghaidh a thabhairt orthu agus leanúint orainn ag breathnú orthu:

- An cineál ceart tithíochta a chur ar fáil sna háiteanna cearta.
- Leanúint ar aghaidh ag díriú ar inacmhainneacht, san earnáil chíosa agus san earnáil cheannaigh araon.
- Fadhbanna a fágadh le hoidhreacht againn, na Riaráistí Morgáiste ina measc.
- Cabhrú le heaspa dídine a laghdú.

Ar deireadh, ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le Foireann iomlán na Gníomhaireachta Tithíochta, lenár gComhaltaí Boird agus lenár bhFoireann Bainistíochta as a dtiomantas agus obair chrua ar feadh 2017. Is mian linn freisin buíochas a ghabháil leis an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Murphy TD. Agus leis an Aire Stáit sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag a bhfuil freagracht speisialta as Tithíochta agus Forbairt Uirbeach, Damien English TD. As a gcomhar agus tacaíocht leanúnach don Gníomhaireacht Tithíochta.

Ba mhaith linn buíochas faoi leith a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara eile, an Rialtas, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Rialtais Áitiúla, Údaráis Áitiúla, AHBanna, iad siúd a oibríonn san earnáil phríobháideach a mbímid ag plé leo agus an Pobal i gCoitinne a thacaigh linn i rith 2017.

Michael Carey
An Cathaoirleach

John O'Connor
An Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Léarscáil na bPríomh-gheallsealbhóirí



Keith Lowe (DNG), An tOllamh Michelle Norris (UCD) agus John O'Connor (An Ghníomhaireacht Tithíochta) ag Léacht Earraigh na Gníomhaireachta 2017 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 14 Márta, 2017. Bhain an léacht le *Owning or Renting, What is the future for housing?* agus inar tharraing an tOllamh Harris ar ábhar óna leabhar nua *Property, Family and the Irish Welfare State*.



Tuairisc ar fheidhmíocht

CUSPÓIR

Méadú ar sholáthar a chumasú trí cháilíocht agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn i seachadadh agus bainistíocht tithíochta

Aonad Seirbhísí na gComhlachtaí Tithíochta Faofa (AHBanna)

I rith 2017, bunaigh an Gníomhaireacht Tithíochta Aonad Seirbhísí AHBanna de réir Gníomhaíocht 2.14 d'Atógáil Éireann. Tá ceathrar comhaltaí foirne san Aonad faoi láthair agus tá siad i mbun na seirbhísí a bhfuiltear ag súil leo faoin bplean gníomhaíochta a fhorbairt.

Tá an tAonad Seirbhísí AHBanna ar fáil chun cúnamh a thabhairt don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG), AHBanna agus Údaráis Áitiúla chun tacú le soláthar tithíochta. Is é an príomhshocrú maoinithe chun tithíocht shóisialta a sholáthar trí Chomhlachtaí Tithíochta Faofa (AHBanna) ná Comhaontuithe Íocaíochta agus Infhaighteachta (P&A) i dteannta iasacht thánaisteach darb ainm Saoráid Léasaithe Réamhchaipitil (CALF). Úsáidtear an maoiniú sin chun tithíocht a cheannach, a thógáil nó a athchóiriú ionas go n-úsáidfeadh í mar thithíocht shóisialta. Tugann an Gníomhaireacht Tithíochta faoi bhreithmheas airgeadais ar na hiarratais ar mhaoiniú a dhéanann na AHBanna agus tugann sí moltaí don Roinn ar pé leibhéal CALF agus P&A a theastaíonn le haghaidh gach togra.

Ullmhóidh siad cáipéisíocht chonartha freisin d'Údaráis Áitiúla le haghaidh tionscadail P&A/CALF níos mó.

Dul chun cinn: In 2017, bunaíodh an tAonad Seirbhísí AHB. Cuireadh tuairiscí breithmheasa i gcrích le haghaidh 243* iarratas P&A/CALF i rith 2017. Bhí 4,102 áit chónaithe fhéideartha san iomlán sna measúnuithe sin agus luach €901m orthu san iomlán. Rinneadh 176 breithmheas in 2016, a chuimsigh 2,632 áit chónaithe ag a raibh luach €527m san iomlán.

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an tsamhail mhaoinithe P&A/CALF agus cuirfeadh i gcrích é in 2018. Beartaítear tabhairt faoi athbhreithniú ar an bprótacal reatha do rannpháirtíocht AHB le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath le haghaidh thús 2018 freisin. Is é aidhm an athbhreithnithe comhordú idir na comhlachtaí ábhartha a fheabhsú tuilleadh. Breithneofar cur i bhfeidhm an phrótacail sin le húdaráis eile ina dhiaidh sin.

Áirítear le réimsí eile a mbeidh an t-aonad ag plé leo:

- Bearta a fhorbairt chun freagairt don athrú ar aicmiú AHBanna i gcuntais an Rialtais de réir na hArd-Oifige Staidrimh.

* Tá rian beag d'fhorlú i gceist le blianta roimhe seo toisc go ndéantar athmheasúnú ar roinnt tionscadal nuair a éilíonn torthaí cead pleanála nó próiseas tairisceana go ndéanfaí athruithe.





- Úsáid fhéideartha AHBanna as láithreáin forbartha tithíochta ar bhealach níos comhordaithe.
- An fhéidearthacht a bhaineann le hearnáil na AHBanna ag úsáid réadmhaoine reatha a mhaoiniú le caipiteal chun leas a bhaint as maoiniú le haghaidh forbairtí nua.
- Tacú leis an earnáil samhlacha airgeadais nuálacha a fhorbairt.

Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (HAP)

Tugadh HAP isteach go deireanach in 2014 ar bhonn treoirthionscadail. Cuireadh i bhfeidhm de réir a chéile é ar fud na tíre i rith 2015, 2016 agus rinneadh scéim náisiúnta de in 2017. Tugadh an íocaíocht isteach chun go bhféadfadh daoine atá incháilithe le haghaidh tithíocht shóisialta, agus a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu, cónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos.

Tiocfaidh sí in áit an Fhorlíonta Cíosa ar deireadh dóibh siúd a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu. Bhí ról gníomhach ag an nGníomhaireacht Tithíochta i gcur i bhfeidhm an tionscnaimh nua seo go náisiúnta.

Dul chun cinn: Rinne an Gníomhaireacht níos mó forbartha ar acmhainní HAP le haghaidh údaráis áitiúla, lean sí le Coiste Cleachtóirí agus Fóram Cleachtóirí HAP a chomhordú, chuir sí foireann údarás áitiúil faoi oiliúint agus d'fhorbair sí suíomh gréasáin HAP. Leanann an Gníomhaireacht Tithíochta ar aghaidh ag tacú le hÚdaráis Áitiúla agus leis an DHPLG le ceisteanna oibríochta éagsúla a bhaineann le HAP.



Fáil Tithíochta

Faoi *Atógáil Éireann*, tá sé de shainchúram ag an nGníomhaireacht plé go gníomhach le bainc agus cuideachtaí infheistíochta, ag féachaint le 1,600 teaghais a fháil faoi 2020. Cuireadh maoiniú €76m ar fáil go díreach don Gníomhaireacht in 2017 agus tá an maoiniú sin le himrothlú trí theaghaisí a ceannaíodh a dhíol le AHBanna. Ina theannta sin, lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag ceannach teaghais go díreach le haghaidh údaráis áitiúla.

Dul chun cinn: In 2017, chuir an Gníomhaireacht ceannach 365 teaghais i gcrích leis an *gciste imrothlach €70m* (ceannaíodh 17 dteaghais faoin tionscnamh sin in 2016). Bhí ceannach 63 teaghais eile leis an gciste sin ar bun amhail deireadh 2017. A luaithe is a cheannaítear teaghais leis an gciste, tugtar do AHB é faoi léas airígh sula ndíoltar leis an AHB é. Bíonn an AHB in ann tabhairt faoi dheisiúcháin faoi léas airígh agus tionónta a chur sa réadmhaoin fad is go bhfuil an díolachán ar bun. Amhail deireadh 2017, bhí AHBanna tar éis deisiúcháin a chríochnú ar 36 áit chónaithe a ceannaíodh tríd an nGníomhaireacht, agus síníodh conarthaí chun 57 áit chónaithe eile a cheannach. Chomh maith leis na teaghaisí a fuarthas leis an gciste, cheannaigh an Gníomhaireacht 79 teagmhas go díreach le haghaidh údaráis áitiúla in 2017. Bhí ceannach 31 teaghais eile le haghaidh údaráis áitiúla ar bun amhail deireadh 2017.

Soláthar ó phunann iasachta NAMA

Lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag oibriú le NAMA agus an DHPLG chun tithíocht shóisialta a shainaitheint agus a sholáthar ó phunann iasachta NAMA.

Dul chun cinn: Aimsíodh 426 áit chónaithe trí NAMA in 2017; agus an méid sin san áireamh, fuarthas 2,335 áit chónaithe faoi dheireadh mhí na Nollag 2017.

Seirbhísí Náisiúnta do Fhrithghealladh Iasachtaí

Cuireann Údarás Áitiúla táirgí iasachta chun tithe a cheannach ar fáil. Cuireann an Gníomhaireacht Tithíochta seirbhísí lárnacha do Fhrithghealladh Iasachtaí ar fáil d'údarás áitiúla ar fud na tíre.

Dul chun cinn: In 2017, fuarthas 1,289 Iasacht Ceannaigh Tí dá bhfrithghealladh. Astu sin, moladh go gceadófaí 295, nó 23%.

An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá Straitéis Náisiúnta ag an DHPLG agus an Roinn Sláinte do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tionóla an Gníomhaireacht Tithíochta an foghrúpa tithíochta agus tacaíonn sí le gníomhartha tithíochta a chur i bhfeidhm.

Dul chun cinn: Tá an Gníomhaireacht ina cathaoirleach ar an bhFoghrúpa Tithíochta a lean ar aghaidh ag teacht le chéile in 2017. Tá Grúpaí Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais ina limistéir féin ag na húdaráis Áitiúla ar fad agus chuir na grúpaí a bPleananna Straitéiseacha i gcrích. Cuirfear na pleananna sin ar fáil ar a suíomhanna gréasáin in 2018. Eisíodh na treoirlínte náisiúnta leasaithe maidir leis an bpróiseas measúnaithe agus dáilte le haghaidh soláthar tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas mar chiorclán do na húdaráis áitiúla an 17 Deireadh Fómhair 2017. Chuir an Gníomhaireacht treoir inléite i dtoll a chéile chun an Fhoirm Iarratais ar Thithíocht Shóisialta a líonadh isteach, chomh maith le treoir inléite i ngnáth-Bhéarla ar na Roghanna Tithíochta atá ar fáil trí na húdaráis áitiúla.

Forbairt agus Bainistíocht Talún

Tá 86 láithreán faoi úinéireacht na Gníomhaireachta. Tá siad sin ar fáil ar fud na tíre. Tá an Gníomhaireacht freagrach as na láithreáin sin a bhainistiú, ach níos tábhachtaí fós, tá sí freagrach as láithreáin iomchuí a shainnaint ar a bhféadfaí tithíocht a fhorbairt.

Dul chun cinn: D'ullmhaigh an Gníomhaireacht Plean Straitéiseach Forbartha agus Bainistíochta in 2017 ina leagtar amach pleananna chun a cuid tailte a fhorbairt. Tá forbairt á cur chun cinn ar 17 láithreán Gníomhaireachta faoi láthair agus meastar sa Phlean go leathnófar é sin go 36 láithreáin go luath. Tá an Gníomhaireacht ag obair i gcomhar le húdaráis áitiúla agus AHBanna chun a cuid tailte a fhorbairt le sásraí difriúla soláthair, lena n-áirítear gnáthfhoirgníocht na n-údarás áitiúil, tógáil mhear, tógáil AHB agus Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha. Soláthróidh láithreáin níos mó ar a dteastaíonn forbairtí tionóntachta measctha teaghaisí freisin le haghaidh an mhargaidh ceannaigh agus cíosa phríobháidigh.

D'fhoilsigh an DHPLG Léarscáil Talamh Tithíochta de chuid Atógáil Éireann (Pathfinder) ag deireadh mhí Aibreáin 2017, bunachar sonraí cuimsitheacha de thailte faoi úinéireacht phoiblí i réimsí tábhachtacha agus é de sprioc aici tailte breise a bheadh feiliúnach do thithíocht a shainnaint. Chabhraigh an Gníomhaireacht Tithíochta leis na sonraí sin a ullmhú agus a thiomsú, i gcomhar le húdaráis áitiúla, ranna eile rialtais agus comhlachtaí stáit.

Tionscadail Tithíochta agus Soláthar

Cuireann an Gníomhaireacht Tithíochta comhairle theicniúil agus bainistíochta tionscadal ar fáil do roinnt údarás áitiúla, agus bunaíodh aonad soláthar i mí Lúnasa 2016. Cuireann an fhoireann sin sainchomhairle soláthair ar fáil d'údarás áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta faofa.

Dul chun cinn: Tugadh tacaíocht soláthair agus tionscadal do roinnt údarás áitiúla i rith 2017. Chuimsigh an cúnamh a tairgeadh gach céim d'fhorbairt tionscadail, ó staidéar féidearthachta, tríd an dearadh, tairiscint, tógáil agus aistriú. Áiríodh leis sin:



- Tairiscintí a bhainistiú agus foirne dearaidh sainchomhairleacha a cheapadh le haghaidh Comhlachtaí Tithíochta Faofa ar Leibhéal 1, Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 le haghaidh breis agus 20 tionscadal tithíochta sa Chlár, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge;
- Treoir Úsáideora a dhréachtú le haghaidh Conradh Oibreacha Poiblí PW-CF2 le haghaidh Oibreacha Tógála arna nDearadh ag an gConraitheoir chun Tionscadail Tithíochta “Dear agus Tóg” a sholáthar don Roinn Tithíochta;
- Cúnamh leanúnach a chur ar fáil do Chomhairle Cathracha Chorcaí i bpróiseas leanúnach soláthair an Phlé Iomaíoch;
- 29 áit chónaithe a chur i gcrích agus a aistriú i gCnoc na hAoine (Céim 1b), Corcaigh i mí na Nollag 2017;
- Riaradh conarthaí le haghaidh roinnt conarthaí oibre i gCiarraí;
- Cáipéisí tairisceana a ullmhú le haghaidh trí fhorbairt bheartaithe i gCorcaigh agus i Muineachán, a chuimsigh 135 áit chónaithe bheartaithe san iomlán;
- Breithmheas caipitil a ullmhú le haghaidh forbairt bheartaithe 30 áit chónaithe i gCorcaigh; agus
- Meastacháin buiséid agus pleananna mionsonraithe costas a sholáthar le haghaidh roinnt tionscadail nua i gComhairle Cathrach Chorcaí.



Knocknaheeny
Phase 1B, Cork

Rialáil na gComhlachtaí Tithíochta Faofa

Tá an Oifig Rialála dírithe go fóill ar a príomhsprioc, is é sin oibriú chun sócmhainní AHB a chosaint agus leas thionóntaí reatha agus amach anseo na hearnála a chaomhnú. Is í seo an ceathrú bliain den rialáil, atá ina dlúthchuid den earnáil anois. Tá na heagraíochtaí sin a shínigh an Cód Rialála Deonaí réidh anois chun aistriú chuig creat rialála reachtúla. Tá an Oifig Rialála do Chomhlachtaí Tithíochta Faofa á rialú ag Coiste Rialála eatramhach a cheap an tAire agus tá sí tiomanta do na caighdeáin is airde feidhmíochta agus rialachais.

Dul chun cinn: Shínigh 252 AHB don Rialáil, agus measadh 232 eagraíocht díobh siúd faoin gCód Rialála Deonaí in 2016/2017. Cuimsíonn na heagraíochtaí sin 95% den stoc tithíochta measta san earnáil. Tugann an Oifig Rialála faoi Mheasúnú Rialála ar gach AHB a shínigh an Cód, bunaithe ar an Tuairisceán Rialála Bliantúil, Ráitis Airgeadais agus faisnéis eile a sholáthraíonn an AHB nó atá ar fáil san fhearann poiblí. Eisíodh Tuarascálacha Measúnaithe Rialála Bliantúla 232 AHB i rith na bliana.

Léirigh an próiseas measúnaithe go bhfuil leibhéal ard comhlíonta san earnáil, agus meastar go bhfuil 83% de na AHBanna sásúil.

Leanadh ar aghaidh ag cur an chreata Rialála chun cinn; cuireadh an Caighdeán Airgeadais i bhfeidhm de réir a chéile ar gach AHB ar Leibhéal 3 agus AHB ar Leibhéal 2 atá ag forbairt, agus tugadh isteach Caighdeán Rialachais in 2017. Beidh foilsíú an Bhille um Thithíocht (Rialú na gComhlachtaí Tithíochta Faofa) ina éacht tábhachtach don earnáil AHB in 2018. Tá an Oifig Rialála ag ullmhú le haistriú ón gCód Rialála Deonaí go dtí an rialáil reachtúil. Beidh na socruithe rialála deonaí i bhfeidhm fós agus leanfar leo go dtí go n-achtaítear an reachtaíocht agus go bhfuil an córas reachtúil rialála i bhfeidhm.



Angela Black (An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh) Karl Deeter (advisors.ie) agus Claire Feeney (An Ghníomhaireacht Tithíochta) roimh léacht Samhraidh na Gníomhaireachta 2017 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 9 Bealtaine, 2017. Ba faoi *Engaging with Mortgage Arrears* a bhí an léacht.

CUSPÓIR

Réimse seirbhísí Réitigh a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí náisiúnta tithíochta

Morgáiste go Cíos

Gníomhaíonn an Gníomhaireacht Tithíochta mar an comhordaitheoir náisiúnta le haghaidh na Scéime Morgáiste go Cíos (MTR), tionscnamh Rialtais chun cabhrú le húinéirí tí atá i mbaol a n-áit chónaithe a chailleadh.

Dul chun cinn: Bhain 308 líon tí leas as an Scéim Morgáiste go Cíos go deireadh 2017. Tháinig trí Chomhlacht Tithíochta Fhaofa nua isteach sa scéim in 2017. Chuir an Gníomhaireacht Tithíochta tús le próiseas Léirithe Spéise chun an Scéim MTR a leathnú le Socrú Léasa Fhadtéarmaigh i mí Dheireadh Fómhair. Is é an dáta deiridh d'aghneachtaí an 31 Eanáir 2018.

Próiseas Réitigh na Riaráistí Morgáiste

Tá *Morgáiste go Cíos an Údarás Áitiúil (LAMTR)* i bhfeidhm sna hÚdarás Áitiúla ar fad. Chabhraigh an Gníomhaireacht leis an DHPLG ciorclán a dhréachtú le haghaidh na nÚdarás Áitiúil faoin bpróiseas LAMTR atá le leanúint.

Dul chun cinn: Agus í ag tacú leis an LAMTR sna hÚdarás Áitiúla ar feadh 2017, áiríodh le hobair na Gníomhaireachta:

- Acmhainní a tháirgeadh le haghaidh Phróiseas Réitigh na Riaráistí Morgáiste,
- Dhá cheardlann le haghaidh údarás áitiúla faoin bPróiseas Réitigh agus cúrsaí lena mbaineann a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu,
- Oiliúint logánaithe ar iarratas na nÚdarás Áitiúil,

- Comhairle a chur ar Údarás Áitiúla faoi gach ceist a bhain leis an bPróiseas Réitigh agus roghanna eile d'iasachtaithe,
- Comhairle agus faisnéis a sholáthar (i gcomhar leis an DHPLG) do thrí Líonra lasachtaí Réigiúnacha, an tOirdheisceart agus Lár Tíre agus an tIarthar a bunaíodh in 2017,
- Comhairle a chur ar Údarás Áitiúla faoi chúrsaí a bhain le dócmhainneacht.

Réiteach Piríte

Cuireann an Gníomhaireacht Tithíochta an Scéim Leasúcháin Piríte i bhfeidhm thar ceann an Bhoird Réitigh Piríte. Tá clár oibreacha ag an nGníomhaireacht Tithíochta faoi láthair go dtí 2019. Tá sé sin bunaithe ar an líon iarratas a faomhadh agus uainiú na n-iarratas sin. Leithdháileadh €25m ar an maoiniú le haghaidh 2017.

Dul chun cinn: Go deireadh 2017, fuarthas 1,961 iarratas faoin Scéim Leasúcháin Piríte, agus faomhadh 1,523 díobh siúd le cur sa scéim. Cuireadh leasúchán i gcrích i 945 áit chónaithe, níos mó ná 392 áit chónaithe i rith 2017 ina measc.



CUSPÓIR

Bheith ina Lárionad eolais do Bheartas agus Cleachtas Tithíochta

Tá bheith ina lárionad eolais do bheartas agus cleachtas tithíochta ar cheann de phríomhspríocanna Straitéiseacha na Gníomhaireachta. Tugann an Gníomhaireacht faoi thaighde go himmheánach, coimisiúnaíonn sí obair thaighde i gcomhpháirtíochtaí, agus soláthraíonn sí tacaíocht taighde tithíochta do ghníomhaireachtaí stáit eile.

Taighde agus Foilseacháin

Dul chun cinn: Bhí clár gníomhach taighde ag an nGníomhaireacht Tithíochta in 2017. Foilsíodh na tuarascálacha seo a leanas i rith na bliana, agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta:

The National Statement of Housing Supply and Demand 2016 and Outlook for 2017 -2018

Sheol an Gníomhaireacht Tithíochta an dara heagrán den ráiteas náisiúnta ar sholáthar agus éileamh tithíochta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra. Cuimsíodh an fhaisnéis is deireanaí faoi threochtaí tithíochta in 2015 agus 2016 sa tuarascáil agus scrúdaíodh an t-éileamh a bheidh ann amach anseo. Seoladh Housing Supply Requirements in Ireland Urban Settlements 2016-2020 freisin. Tuairiscítear sa Ráiteas cé go bhfuil níos mó tithíochta á cur i gcrích, tá an ráta méadaithe fós faoi bhun na riachtanas soláthair, go háirithe i gceantair uirbeacha, áit a mbíonn an fhadhb is mó le hinacmhainneacht freisin.

Athbhreithniú neamhspleách, Review of Funding for Traveller-Specific Accommodation and the Implementation of Traveller Accommodation Programmes

Ba é croíchuspóir an athbhreithnithe freagraí cuimsitheacha a thabhairt ar cheisteanna tábhachtacha maidir le scála an tsoláthair ar fud na tíre agus a mhéad a chomhlíon na háiteanna cónaithe a soláthraíodh riachtanais shainaitheanta an Lucht Siúil.

Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí

Tá méadú mór tagtha ar líon na ndaoine a chónaíonn in árasáin le blianta beaga anuas thar gach tionóntacht tithíochta, agus tá os cionn 170,000 líon tí ina gcónaí in árasán anois. Choimisiúnaigh an Gníomhaireacht, i gcomhar le Cumann Tithíochta Clúid, dhá thuarascáil taighde ar leith, ach idirnasctha, ar Chuideachtaí Bainistíochta Úinéirí in 2016, agus bhí an obair fós ar bun in 2017.

Aighneacht faoin gCreat Náisiúnta Pleanála

I mí Aibreáin agus mí na Samhna, rinne an Ghníomhaireacht aighneachtaí faoin gCreat Náisiúnta Pleanála. Díríodh sa chéad aighneacht ar chúrsaí a bhaineann le tithíocht, pleanáil agus pobail inbhuanaithe a chruthú. Leagtar amach inti fis na Gníomhaireachta le haghaidh tithíochta in 2040, is é sin an soláthar tithíochta a bhainistiú chun riachtanais daonra ilchineálaigh a chomhlíonadh, ar bhealach a dhéanann áiteanna maithe chun cónaí iontu dár gceantair uirbeacha, bailte agus sráidbhailte, anois agus amach anseo, agus ar bhealach a chosnaíonn agus a chuireann lenár n-oidhreacht tuaithe agus stairiúil. Leagtar amach sa dara haighneacht moltaí ar an dréacht-Chreat Náisiúnta Pleanála ó thaobh na tithíochta agus cúrsaí a bhaineann leis an tithíocht.

Criosanna Brú Cíos

De bhun Alt 24A den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, arna chur isteach le hAlt 36 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016, chuaigh an Ghníomhaireacht i gcomhairle le húdarás tithíochta ábhartha agus mhol sí go bhForordófaí na Toghcheantair seo a leanas mar Chriosanna Brú Cíos.

Contae	Toghcheantar
Comhairle Contae Chorcaí	Baile an Chollaigh – Carraig Uí Leighin, an Cóbh
Comhairle Cathrach na gGaillimhe	Cathair na Gaillimhe Láir, Cathair na Gaillimhe Thoir agus Cathair na Gaillimhe Thiar
Comhairle Contae Chill dDara	Cill Droichid – Léim an Bhradáin; Maigh Nuad: An Nás; An Droichead Nua – Cill Dara
Comhairle Contae Lú	Droichead Átha
Comhairle Chontae na Mí	Cill Dhéagláin, An Inse – Baile an Bhiataigh, Ráth Tó
Comhairle Contae Chill Mhantáin	Bré, Na Clocha Liatha agus Cill Mhantáin

Ainmníodh iad sin i dteannta na gceantar a ainmníodh faoi reachtaíocht, lenár áiríodh Baile Átha Cliath agus limistéar riaracháin Chathair Chorcaí.

Athbhreithniú ar Chostais Foirgníochta

Ar iarratas an DHPLG, thug an Ghníomhaireacht faoi athbhreithniú comparáideach ar chostais foirgníochta in Éirinn agus i dtíortha roghnaithe Eorpacha. Chuir an obair sin le staidéar níos mó a rinne an DHPLG mar ghníomh faoi Atógáil Éireann.

Review of the Scheme of Loans and grants for the Purchase of Caravans for Travellers

Ar iarratas an DHPLG, thug an Ghníomhaireacht faoi athbhreithniú cuimsitheach ar scéim lasachta agus Deontais an Lucht Siúil agus chuir sí an tuarascáil deiridh faoi bhráid an DHPLG i mí Lúnasa 2017 le tátail agus moltaí.

Experiences of Travellers in the Private Rented Sector

I mí an Mheithimh 2017, cuireadh tuarascáil taighde ar thaithí an Lucht Siúil a chónaíonn san earnáil chíos phríobháideach i gcric. Bhí sé d'aidhm leis an taighde sin tuiscint níos fearr a thabhairt ar na cúiseanna a bhfuil an Lucht Siúil ag bogadh isteach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus a dtaithí ar an earnáil a iniúchadh. Bhainistigh an Ghníomhaireacht an taighde sin, thar ceann an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe, an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil agus an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach.

Measúnú Achoimre ar Riachtanais Tithíochta in 2017

Tugtar le chéile in *Summary of Social Housing Assessments* an fhaisnéis a sholáthair údarás áitiúla ar líonta tí ina limistéir fheidhmeacha atá incháilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta ach nach bhfuil an riachtanas tithíochta sóisialta sin á chomhlíonadh. Thug údarás áitiúla faoin measúnú ar fud na tíre an 28 Meitheamh 2017 agus rinne an Ghníomhaireacht anailís ar na sonraí ina dhiaidh sin, sular cuireadh na torthaí faoi bhráid an Aire.

Caighdeán Árasán

Tá leas leanúnach ag an nGníomhaireacht i bhfoirgníocht agus i gcaighdeán árasán agus tá ag éirí go maith le táirgeadh treoirlínte chun bonn eolais níos fearr a chur faoi dhearadh árasán.



Daoine a d'fhreastail ar Léacht Fómhair na Gníomhaireachta 2017 a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 28 Samhain, 2017. Pléadh sa léacht *Homelessness: What Should the Future Priorities be?*

Straitéis na nÁiteanna Cónaithe Folmha

Chabhraigh an Gníomhaireacht le Straitéis na nÁiteanna Cónaithe Folmha a dhréachtú. Is gníomh tosaíochta é sin faoi Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine.

Tionscadail Taighde Eile a Tosaíodh

Cuireadh tús le hobair ar thionscadail eile i rith 2017 a chuirfear i gcrích in 2018, ina measc:

- **Tuarascáil Taighde ar Thaithí, Meonta agus Mianta Tithíochta**
Suirbhé a dhéanfaidh ionadaíocht ar an náisiún ar fad a bheidh anseo, chun taithí agus meonta reatha tithíochta in Éirinn a thaifead, chomh maith lena dteastaíonn ó dhaoine amach anseo.
- **Comhpháirtíocht Taighde le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**
Thug an Gníomhaireacht tacaíocht do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun dhá thionscadal taighde a choimisiúnú agus a bhainistiú. Baineann an chéad cheann le measúnú ar Chéim 1 de Shamhail 'Tithíochta agus Tacaíochta' Aoisbháil Phíolótach i mBaile Átha Cliath agus b'Áthbhreithniú Bainistíochta an dara ceann ar raon feidhme agus feidhmíocht Rannóg Leas Tithíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- **Treoir Dearaidh: Tithíocht do Dhaoine Scothaosta**
Ag eascairt as tuarascáil taighde ar thithíocht do dhaoine scothaosta, *Housing for Older People: Thinking Ahead*, a d'fhoilsigh an Gníomhaireacht i gcomhar le ISAX i ndeireadh 2016, cuireadh tús le hobair ar Threoir Dearaidh a tháirgeadh le haghaidh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta.

Tacaíocht Beartas Tithíochta don DHPLG agus Údaráis Áitiúla

Cuireann an Gníomhaireacht tacaíocht ar fáil don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus d'Údaráis Áitiúla i ndáil le comhairle ar bheartas agus cleachtas tithíochta sóisialta.

Dul chun cinn: In 2017, bhain na tacaíochtaí leanúnacha sin leis na réimsí beartais seo a leanas: measúnuithe, lena n-áirítear achoimre ar phríosca measúnaithe na tithíochta sóisialta, leithdháiltí, lena n-áirítear Ligean ar Cíos Bunaithe ar Rogha, cíosanna, Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (HAP), an Scéim Cóiríochta Cíosa agus Léasú agus Cuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.

Measúnuithe agus Achoimre ar Mheasúnuithe ar Thithíocht Shóisialta

I rith 2017, thug an Gníomhaireacht comhairle leanúnach ar rialacháin mheasúnaithe d'Údaráis Áitiúla agus an DHPLG. Mar chuid den Achoimre ar thionscadal na Measúnuithe ar Thithíocht Shóisialta, d'oibrigh an Gníomhaireacht leis an DHPLG chun treoir a ullmhú d'údaráis áitiúla agus seimineáir eolais a réachtáil do chleachtóirí tithíochta. Thiomsaigh an Gníomhaireacht Tithíochta na sonraí, rinne sí measúnú orthu agus chuir sí an tuarascáil deiridh i dtoll a chéile.

Leithdháiltí agus Ligean ar Cíos Bunaithe ar Rogha

I rith 2017, thug an Gníomhaireacht comhairle leanúnach ar rialacháin leithdháiltí agus ligean ar cíos bunaithe ar rogha d'Údaráis Áitiúla agus an DHPLG.



Beartas Cíosanna Dífreálacha

Thug an Ghníomhaireacht faoi anailís ar 31 tacar sonraí agus thug sí comhairle beartais ar an DHPLG maidir le leasú féideartha ar chreat cíosanna difreálacha.

Cuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt

In 2017, lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag tacú leis an DHPLG agus údaráis áitiúla maidir le Cuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Cuireadh oiliúint ar an láthair ar fáil go sonrach do Chomhairlí Contae Cheatharlach, Laoise agus Loch Garman.

An Scéim Cóiríochta Cíosa

D'oibrigh an Ghníomhaireacht leis an Roinn chun na Comhaontuithe Dlí a rialaíonn tionóntachtaí na Scéime Córíochta Cíosa a nuashonrú. Chuir sí an nuashonrú nuashonruithe ar bheartas agus leasuithe ar reachtaíocht na Tionóntachtaí Cónaitheacha, lena n-áirítear Criosanna Brú Cíosa agus Athbhreithnithe Cíosa. Scaipfear na Comhaontuithe Dlí nua agus treoir lena mbaineann ar na hÚdaráis Áitiúla go luath in 2018.

Lámhleabhar Tithíochta

Tá an Lámhleabhar Tithíochta fós ina acmhainn thábhachtach do chleachtóirí údaráis áitiúil. Faoi láthair, as an thart ar 1,500 úsáideoir, tá 1,100 lonnaithe in Údaráis Áitiúla. Nuashonraítear an Lámhleabhar Tithíochta leis na ciorcláin is deireanaí, ábhar ó cheardlanna agus seimineáir, agus tugtar faisnéis fhoriomlán faoi bheartais agus scéimeanna éagsúla tithíochta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bainistíocht tithíochta, soláthar agus conairí chuig úinéireacht áiteanna cónaithe.

Seirbhísí Oiliúna na gCleachtóirí Tithíochta

Tacaíonn an Ghníomhaireacht le húdaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta faofa trí oiliúint sna réimsí ábhartha de réir mar a thagann siad chun cinn.

Dul chun cinn

Seisiún Oiliúna d'Údaráis Áitiúla


D'éascaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta seisiúin oiliúna maidir le hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh le haghaidh Tithíochta agus Láithreáin Thréigthe. Mar atá thuasluaite, cuireadh oiliúint ar fáil freisin d'údaráis áitiúla maidir leis an Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (HAP), Morgáiste go Cíos na nÚdarás Áitiúil agus Cuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.

Tairiseach Náisiúnta Oiliúna na gCleachtóirí Tithíochta

In 2017, sheol an Ghníomhaireacht suíomh gréasáin www.housingtraining.ie mar lárionad eolais do chleachtóirí tithíochta chun teacht ar eolas faoi imeachtaí agus oiliúint tithíochta. Cabhróidh an Tairiseach seo leis an thart ar 7,000 duine a oibríonn i dtithíocht agus pleanáil sna hÚdaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Faofa (AHBanna). Tá sé d'aidhm leis an tairiseach chun tacú leis na cleachtóirí sin ar fad a oibríonn san earnáil trí chur lena bhforbairt ghairmiúil trí thacaíochtaí oideachais, oiliúna agus foghlama.

D'oibrigh an Ghníomhaireacht Tithíochta cheana le heagraíochtaí difriúla chun cúrsaí, seimineáir agus imeachtaí a bhaineann le tithíocht a sholáthar. Áirítear ina measc siúd an Foras Riaracháin (IPA), Chartered Institute of Housing (CIH), Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (ICSH) agus an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe.

“ Mar chuid den Achoimre ar thionscadal na Measúnuithe ar Thithíocht Shóisialta, d'oibrigh an Ghníomhaireacht leis an DHPLG chun treoir a ullmhú d'údaráis áitiúla agus seimineáir eolais a reáchtáil do chleachtóirí tithíochta.”



David Silke (An Ghníomhaireacht Tithíochta), An tOllamh Comhlach Ursula Barry (UCD), Isoilde Dillon (An Ghníomhaireacht Tithíochta) agus an Dr Nessa Winston (UCD) ag Léacht Earraigh na Gníomhaireachta 2017 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 14 Márta, 2017.



housing agency

gníomhaire tithíochta

D'éirigh go maith le Comhdháil eile de chuid na gCleachtóirí Tithíochta (arna heagrú i gcomhar leis an IPA) a réachtáladh i gCathair Chorcaí an 25/26 Bealtaine, 2017.



Rannpháirtíocht leis an Earnáil Tithíochta

Bíonn an Gníomhaireacht ag plé lena páirtithe leasmhara ar roinnt bealaí. Áirítear leis sin rannpháirtíocht ó lá go lá mar gheall ar a hobair fhoriomlán. Déanann Ionadaithe na Gníomhaireachta ionadaíocht ar an nGníomhaireacht ar fhórais agus coistí stiúrtha éagsúla a bhaineann le cúrsaí tithíochta. Áirítear ina measc siúd Fóram na gCleachtóirí Tithíochta, an Grúpa Anailísíochta Tithíochta, an Creat Náisiúnta Pleanála agus tuilleadh nach iad. Ina theannta sin, déantar ionadaíocht ar an nGníomhaireacht ag imeachtaí labhartha ar nós comhdhála agus seimineár ar fud na hearnála. Reáchtáil an Gníomhaireacht imeachtaí tábhachtacha freisin chun na páirtithe ábhartha a thabhairt le chéile; cinntíonn sé sin rannpháirtíocht ghníomhach ar bhonn níos foirmiúla.

Dul chun cinn: Tugtar breac-chuntas anseo thíos ar na himeachtaí a reáchtáil an Gníomhaireacht in 2017.

Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta, 2017

Reáchtáladh Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta, 2017 an 25 agus 26 Bealtaine 2017. Ba é Seachadadh Anois, Inbhuanaitheacht a Bhainistiú téama na comhdhála. Eagraíodh an chomhdháil i gcomhar leis an bhForas Riaracháin, agus rinneadh cuir i láthair ann ar Atógáil Éireann ó dhearcadh na Roinne, Údarás Áitiúla agus AHBanna, inbhuanaitheacht airgeadais na hinfheistíochta i dtithíocht shóisialta agus leasú na tithíochta sóisialta.

Comhdháil Bhliantúil na Gníomhaireachta Tithíochta

Reáchtáil an chomhdháil an 28 Meitheamh 2017 i bPáirc an Chrócaigh agus labhair an tAire Eoghan Murphy TD, an tAire Tithíochta, Pleanála Pobail agus Rialtais Áitiúil aici. Bhí an chomhdháil dírithe ar an earnáil tithíochta go forleathan, agus téama na todhcháí ag baint léi. Fiosraíodh na dúshlán a bhaineann le pobail inacmhainne agus inbhuanaithe a sholáthar do chách.

Sraith Léachtaí na Gníomhaireachta Tithíochta

Reáchtáladh sraith siompóisiamaí tráthnóna i rith an earraigh agus an fhómhair i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

Dáta	Ábhar an Imeachta
Feabhra 2017	Soláthar agus Éileamh Tithíochta
Márta 2017	Úinéireacht nó Cíos – céard é todhcháí na Tithíochta?
Bealtaine 2017	Ag tabhairt faoi Riaráistí Morgáiste
Meán Fómhair 2017	Áiteanna Comhroinnte, Comharsanachtaí Inoiriúnaithe
Samhain 2017	Easpa dídine: Cé na Tosaíochtaí a theastóidh sa todhcháí?

Pobail Inbhuanaithe agus Tithíocht Uirbeach

Reáchtáil an Gníomhaireacht, i gcomhar le Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD, seoladh leabhair agus seimineár an 2 Meitheamh 2017, “Sustainable Communities & Urban Housing: A Comparative European Perspective”.

Comhpháirtíocht le Chartered Institute of Housing (CIH)

Lean an Gníomhaireacht Tithíochta ar aghaidh ag obair i gcomhar le Chartered Institute of Housing (Ireland) in 2017.

Dul chun cinn: Chuir an CIH treoir nua ar Ligean ar Cíos Bunaithe ar Rogha i dtoll a chéile i gcomhar leis an nGníomhaireacht i mí na Samhna 2017. Tugtar léargas gairid sa treoir ar dhea-chleachtas sa Ligean ar Cíos Bunaithe ar Rogha, arna léiriú le samplaí as Éirinn agus as an Ríocht Aontaithe. Tá sé dírithe ar chleachtóirí in Éirinn, ach d’fhéadfadh cleachtóirí a oibríonn i dtíortha eile a phrionsabail uilíocha a chur i bhfeidhm freisin.

Rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí



Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Tá dea-rialachas riachtanach má tá le héirí le heagraíocht ar bith agus tá dea-rialachas níos tábhachtaí anois ná riamh. Tá ról ríthábhachtach ag comhaltaí boird ionadaíocht a dhéanamh ar phobail agus ar aidhmeanna na heagraíochta agus bíonn siad tiomanta agus dílis chomh maith le taithe agus scileanna a bheith acu atá ábhartha don eagraíocht lena mbaineann siad. Is eagraíocht í an Gníomhaireacht Tithíochta a fhéachann le feidhmiú de réir dea-chleachtais agus chuige sin glacann sí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Leagtar amach sa chuid seo Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

Governance

Bunaíodh Bord na Gníomhaireachta Tithíochta faoin Ordú Bunaithe, Ionstraim Reachtuil 264 de 2012. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 5 den Ordú. Tá an Bord freagrach don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Tugann an Bord faoin tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar an príomhcheisteanna gnó. Tá gnáthbhainistíocht, rialú agus treo na Gníomhaireachta Tithíochta faoi chúram an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (CEO) agus na foirne ardbhainistíochta. Caithfidh an CEO agus an fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan a shocraíonn an Bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Choimisiúin

ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad. Feidhmíonn an CEO mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus an lucht bainistíochta na Gníomhaireachta Tithíochta.

Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i dtéarmaí Tagartha an Bhoird, chomh maith leis na hábhair a gcaithfidh an Bord cinntí a dhéanamh ina leith go sonrach. Áirítear leis na míreanna seasta a bhreithníonn an Bord:

- riosca;
- tuairiscí ó choistí; agus
- tuairiscí airgeadais/cuntais bainistíochta.

In 2018, leathnófar na míreanna seasta, agus áireofar leo dearbhú leasanna, tuairiscí feidhmíochta agus ábhair fhorchoimeáda.

Éilíonn Alt 11 den Ordú ar Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta gach cuntas cuí agus gnásúil ar airgead a fuair agus a chaith sí a choinneáil i cibé formáid a fhaomhfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Éilítear faoi Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013 ar an nGníomhaireacht Tithíochta ráitis airgeadais a ullmhú gach bliain agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh sí de bheith i bhfeidhm, agus
- a chur in iúl ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir ag aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Gníomhaireacht Tithíochta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta, nó go gcuirtear faoi deara go gcoinnítear taifid leordhóthanacha chuntasaíochta, a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na Gníomhaireachta Tithíochta, a chumasaíonn gur féidir

sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta Tithíochta a chinneadh ag am ar bith le cruinneas réasúnta, a chuireann ar chumas an Bhoird a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 11(1) den Ordú Bunaithe, 2012 agus Alt 25(1) den Acht um Réiteach Piríte, 2013.

Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh agus rinneadh é sin in 2017.

I mí Iúil 2017, rinne an Bord athbhreithniú ar a fheidhmíocht, agus cuireadh tuairiscí rialta i láthair ar feadh na bliana inar léiríodh athbhreithniú ar an mbuiséad bliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta amhail an 31 Nollaig 2017.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus seachtar comhaltaí a cheapann an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar an mbord. Tagann na comhaltaí Boird le chéile uair sa mhí. Chuaigh téarmaí an Chathaoirleach agus na gcomhaltaí ar fad in éag an 31 Nollaig 2017.

“Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Gníomhaireacht Tithíochta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na Gníomhaireachta Tithíochta.”

Plean Straitéise na Gníomhaireachta Tithíochta 2015/2018



Na daoine a n-oibríonn leo chun tithíocht agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil do shaoránaigh

Fís

Is í an fhís atá againn go mbeidh gach duine in ann maireachtáil i dtithe incheannaithe ar ardchaighdeán i bpobail inbhuanaithe.



Spríocanna Tithíochta

Tithíocht ar Ardchaighdeán
Soláthar leordhóthanach chun freastal ar éileamh
Inacmhainneacht Inbhuanaitheacht
Éifeachtúlacht costais
Díríthe ar Chustaiméirí
Slándáil Tionachta

Misean

Is é an misean atá againn a bheith inár saineolaithe tithíochta agus arna spreagadh ag tuiscint a bheith againn ar an ról tábhachtach atá ag tithíocht i gcaighdeán maireachtála agus deiseanna saoil na ndaoine



An méid a dhéanfaidh muid

Méadú ar sholáthar a chumasú trí chaighdeán agus inbhuanaitheacht maidir le seachadadh agus bainistiú tithíochta a chur chun cinn
Réimse leathan seirbhísí réitigh a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna tithíochta ar leibhéal náisiúnta
Gníomhú mar ionad-eolais maidir le beartas agus cleachtas tithíochta

Luachanna

Is iad na luachanna atá againn: tionchar neamhspleách, saineolas ar ardchaighdeán, dírithe ar chúrsaí nuálaíochta agus réitigh, clú a bhfuil meas mór air agus comhoibriú



Ár gcuid tosaíochtaí

Tithíocht a sholáthar sna meicníochtaí seachadta uile
Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a Rialú
Réiteach Piríte
Comhiomlánú Talún
Athnuachan agus Athchóiriú
Taighde Tithíochta
Tacaíocht do chleachtóirí tithíochta
Bonn eolais a chur faoi leagan amach beartas agus tacú lena gcur i bhfeidhm



Cad a theastaíonn uainn lenár misean a bhaint amach

Acmhainní imleora de réir tosaíochtaí/ baill foirne dhóthanacha
Maoiniú dóthanach
Dea-rialachas
Monatóireacht ar dhul chun cinn
Bainistiocht Geallsealbhóirí
Gníomhacha

Comhalta Boird	Eagraíocht	Téarma Ceapacháin
Conor Skehan	An Cathaoirleach	Ceaptha Iúil 2013 go dtí an 31 Nollaig 2017 Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018
Donal McManus	Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta	Ceaptha Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2017 Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig
Mary Hurley	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG)	Ceaptha Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017
Tony O'Brien	Sainchomhairleoir Bainistíochta	Ceaptha Iúil 2013 go dtí an 31 Nollaig 2017 Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig
John Burke	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER)	Ceaptha Bealtaine 2016 go dtí an 31 Nollaig 2017 Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig
John O'Connor	An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Ghníomhaireacht Tithíochta	Ceaptha Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2017 Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig
Bairbre NicAongusa	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG).	Ceaptha Aibreán 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017 D'éirigh as Meitheamh 2017
Michael Walsh	Comhairle Contae Phort Láirge	Ceaptha Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017
Loraine Lynch	Comhairle Contae Chorcaí	Ceaptha Bealtaine 2015 go dtí an 31 Nollaig 2017

Thug an Bord faoi mheasúnú féinmheastóireachta i mí Mheán Fómhair 2017, agus tabharfaidh sé faoi Athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtacht agus Meastóireacht an Bhoird in 2018, a chuirfear i gcrích in 2018.

Bhunaigh an Bord coiste amháin, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as cúrsaí riosca, rialaithe agus rialachais agus cúrsaí dearbhairthe lena mbaineann. Tá an Coiste neamhspleách ar

bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchta ina measc. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca: Tony O'Brien (an Cathaoirleach), Donal McManus, Loraine Lynch, agus Caroline Gill. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste in 2017. Níor íocadh aon táillí le comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Comhalta Boird	Cruinnithe Boird Ceaptha freastal	Cruinnithe Boird ar ar freastalaíodh	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Táillí 2017 €	Speansais 2017 €
Conor Skehan	10	10	n/a	Nialas	Nialas
Donal McManus	10	9	5	Nialas	Nialas
Bairbre NicAongusa (d'éirigh as 17 lúil)*	6	4	n/a	Nialas	Nialas
Mary Hurley (ceaptha 17 DF)*	2	2	n/a	Nialas	Nialas
Tony O'Brien	10	10	5	Nialas	Nialas
John Burke*	10	9	n/a	Nialas	Nialas
John O'Connor*	10	10	n/a	Nialas	Nialas
Michael Walsh (ceaptha 17 DF)*	2	2	n/a	Nialas	Nialas
Lorraine Lynch*	10	9	5	Nialas	Nialas

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais in 2017 Bord na Gníomhaireachta Tithíochta

* Ní bhfuair seisear comhaltaí táille Boird faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin', agus bhí comhaltaí Boird eile nach bhfuair táille. B'ionann costais na gcrúinnithe Boird don tréimhse agus €620.

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

D'éirigh triúr comhaltaí Boird as i rith na bliana ag deireadh a gceapachán. De réir an Orduithe Bunaithe, 2012 cheap an tAire triúr comhaltaí nua. I mí Aibreáin 2018, ceapadh Michael Carey mar Chathaoirleach, agus tháinig sé i gcomharbacht ar Conor Skehan.

Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Gníomhaireacht Tithíochta ceanglais an Chóid Cleachtas nua le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe:

Tugtar breac-chuntas thíos ar shochair gearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad

Tuarastal	Líon Comhaltaí Foirne 2017	Líon Comhaltaí Foirne 2016
Faoi bhun €60,000	35	29
€60,000-70,000	7	8
€70,000-80,000	5	7
€80,000-90,000	4	1
€90,000-100,000	2	1
€100,000-120,000	2	1

Costais Sainchomhairleoireachta	2017 €
Feabhsú Gnó	101,025
Comhairle Dlí	39,121
Comhairle Pinsean	27,656
Eile	155,590
	323,392

Mar a éilítear faoin gcód cleachtais le haghaidh comhlachtaí stáit, tuairiscíodh thuas na costais sainchomhairleoireachta a tabhaíodh i rith na bliana. Áirítear na costais sin sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas ach tá siad roinnte thar na gníomhaíochtaí lena mbaineann siad.

Costais Dlí agus Socruithe

Níor íocadh aon socrú i rith na tréimhse tuairiscithe.

Foráiltear i Reachtaíocht an Bhoird Leasúchán Piríte (PRB) go bhféadfaidh an PRB na costais ar fad, nó cuid díobh, a bhaineann le teaghais a leasú faoin Scéim a aisghabháil ó aon pháirtí ag a bhfuil dliteanas, agus an cumas íoctha. Tá an PRB ag gníomhú nuair a mheastar go bhfuil sé iomchuí chun ranníocaíocht i dtreo chostas na n-oibreacha a lorg ó thógálaithe agus/nó ó fhorbróirí. Toisc go gcuirtear an maoiniú Stáitchiste a sholáthraítear chun críche leasúchán piríte tríd an nGníomhaireacht Tithíochta, íocadh táillí Dlí dar luach €25,373 leis an nGníomhaireacht Tithíochta in 2017 maidir le costais a thabhaigh an Bord Réitigh Piríte thar ceann triúr cosantóirí i ndáil le cásanna faoin straitéis chomhaontaithe chun costais a aisghabháil ó pháirtithe faoi dhliteanas.

Fáilteachas

Sa tréimhse tuairiscithe, caitheadh €1,393 ar chúrsaí fáilteachais, lena n-áirítear siamsaíocht agus €120 ar bhálathanna don fhoireann. I rith na bliana, tugadh bronntanas dar luach €4,000 don chathaoirleach a bhí ag dul ar scor. Caitheadh €6,211 ar chostais cheaintín i rith na tréimhse tuairiscithe freisin.

Taisteal agus cothabháil

Déantar catagóiriú ar chaiteachas taistil agus cothabhála na foirne mar seo a leanas:

	2017 €
Taisteal Intíre	70,198
Taisteal Idirnáisiúnta	5,061
	75,259

Áirítear é sin sna costais fostaíochta mar chuid de Thaisteal agus Costais Foirne Eile (Nóta 6). Ní raibh aon taisteal agus cothabháil, idirnáisiúnta ná intíre, i gceist le comhaltaí Boird.

Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016), agus chuir sé gnáthaimh i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Thug an Gníomhaireacht Tithíochta faoi anailís bearna in 2017 chun a chinneadh ar chomhlíon sí an Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2017, agus is féidir léi a dhearbhu gur chomhlíon.

Coimhlintí Leasa agus an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

D'fhorbair an Gníomhaireacht Beartas Coimhlint Leasa in 2016, toisc go bhfuil feidhm ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 ar an nGníomhaireacht. Cuimsíodh é sin sa bheartas agus nós imeachta foriomlán ar glacadh leo chun Coimhlintí Leasa a bhainistiú. De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, nuair a éilítear é, chomhlánaigh comhaltaí Boird agus lucht Ardbhainistíochta ráitis leasa de réir fhorálacha an Achta. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ionas gur féidir le comhaltaí Boird leasanna a nochtadh nuair is gá.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Tháinig an Gníomhaireacht faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 an 14 Aibreán 2015.

Fuaireamar 11 iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2017. Tháinig ár Scéim Foilsithe i bhfeidhm in 2016 agus tá sí ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Ní bhfuarthas aon iarratas in 2017 faoi na rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí agus próiseálaí sonraí cláraithe í an Gníomhaireacht faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn an Gníomhaireacht de réir Beartas Cosanta Sonraí foirmiúil. Tiocfaidh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, in áit an chreata reatha um chosaint sonraí faoi Threoir an Aontais Eorpaigh um Chosaint Sonraí. Tá an Gníomhaireacht Tithíochta ag ullmhú don dáta forfheidhmithe trí anailís a dhéanamh ar na struchtúir agus próisis atá i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Éilítear faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun dul i ngleic le nochtadh cosanta agus faisnéis a thabhairt d'fhostaithe i scríbhinn faoi na nósanna imeachta sin. Tá na nósanna imeachta sin i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht. I rith 2017, ní dhearna aon fhostaí de chuid na Gníomhaireachta aon nochtadh cosanta de réir théarmaí na reachtaíochta.

Cánachas

Deimhníonn an Gníomhaireacht go bhfuil sí ag comhlíonadh na ndlíthe cánachais. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann an Bord go sármaith a oibleagáidí faoi dhlíthe cánach agus go n-íoctar na dliteanais chánach ar fad faoi na dátaí dlite ábhartha.

An Bord Réitigh Piríte

Is é an Bord Réitigh Piríte (PRB) struchtúr rialaithe na Scéime Leasúcháin Piríte agus feidhmíonn sé

go neamhspleách ar Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta. Ceapann an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an PRB. Bunaíodh an Bord i ndiaidh thosach feidhme an Achta um Réiteach Piríte, 2013 an 10 Eanáir 2014, chun scéim a dhéanamh le haghaidh damáiste ar theaghaisí áirithe a leasú, damáiste a tharla de bharr aistriú cothrománach piríteach, agus chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach chlár na n-oibreacha leasacháin le haghaidh teaghaisí a bhfuil pirít iontu. Stiúránn an Cathaoirleach Jack Keyes an Bord, i gcomhar leis na feidhmeanna feidhmiúcháin a dhéanann an Bainisteoir Ginearálta Aidan O'Connor.

Forordaíonn an tAcht um Réiteach Piríte, 2013 don Gníomhaireacht Tithíochta an scéim leasúcháin a chur i bhfeidhm thar ceann an Bhoird Réitigh Piríte. Is í an Gníomhaireacht Tithíochta an comhlacht a sholáthraíonn feidhmiúchán don Bhord trí bhainistíocht airgeadais, agus roinnt acmhainní.


Tá an Gníomhaireacht Tithíochta freagrach as an Scéim Leasúcháin Piríte a chur i bhfeidhm.

Ballraíocht agus Táillí Boird

Comhalta Boird	Táillí 2017	Speansais 2017
Jack Keyes	4,489	2,674
Caroline Gill	4,000	Nialas
Alex Flood	2,200	Nialas
Sean Balfe*	Nialas	Nialas
Derek Sinnott*	Nialas	1,289

**Ní bhfuair beirt chomhaltaí táille Boird faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.*

Faoin Acht um Réiteach Piríte, 2013, forordaítear don PRB tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ina dtugtar breac-chuntas ar fheidhmíocht a fheidhmeanna faoin Acht. Tá gnéithe airgeadais an PRB san áireamh go foirmiúil i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta Tithíochta.



An t-ábhar ba mhó béime ag Comhdháil Bhliantúil na Gníomhaireachta Tithíochta 2017 i bPáirc an Chrócaigh an 27 Meitheamh 2017 ab ea *Future Proofing Housing: Sustainable and Affordable Homes*. Ba í Terry Prone a rinne cathaoirleacht ar phlé bríomhar i measc painéal daoine. Sa phictiúr: Terry Prone, An Dr Brian Hughes (DIT), Conor Skehan (iar-Chathaoirleach na Gníomhaireachta Tithíochta) agus Eoghan Murphy T.D., an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.



Ráitis airgeadais

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann na Gníomhaireachta Tithíochta, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ceaptar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go ndéantar taifeadadh ceart ar idirbhearta, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht Tithíochta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An Cumas Dul i nGleic le Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an nGníomhaireacht Tithíochta ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta, agus feidhmíonn duine acu mar an Cathaoirleach. Tháinig an Coiste le chéile cúig huairé in 2017. Bhunaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta feidhm iniúchta inmheánaigh freisin ag a bhfuil dóthain acmhainní agus a thugann faoi chlár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste.

D'fhorbair an Coiste beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a fhoth riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne a bhaineann le cúrsaí riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann ar fad a chaithfidh oibriú laistigh de raon feidhme bheartais bainistíochta riosca na Ghníomhaireachta Tithíochta, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéad is indéanta, na rioscaí a mhaolú.

Tá clár riosca in úsáid ina saináithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Gníomhaireachta Tithíochta agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an Coiste an clár go bliantúil agus nuair a athraíonn rioscaí. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus faoi na comhaltaí foirne sonracha atá freagrach as na rialuithe a oibriú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- tuairiscíodh na gnáthaimh le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil ann a choinníonn an lucht bainistithe sinsearach (agus an Bord) faoi athbhreithniú,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuireadh easnaimh rialuithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- saináithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagrach as bainistiú airgeadais, agus

- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

Sainaithníodh i dtuarascálacha leis an Iníúcháireacht Inmheánach in 2017 go raibh laigí i rialuithe ar an bpróiseas fála agus díolta tithíochta agus teicneolaíocht faisnéise.

- **Fáil agus díol tithíochta** – tuairiscíodh i dtuarascáil na hIníúcháireachta Inmheánaí nach raibh dóthain plé idir an Gníomhaireacht agus na AHBanna sula bhfuarthas réadmhaoine ar a son. Ina theannta sin, tuairiscíodh sa tuarascáil nach ndearna luachálaí neamhspleách na luachálacha i gcónaí. Rinneadh roinnt moltaí chun feabhais sa tuarascáil, agus ghlac an Gníomhaireacht leo ar fad.
- **Teicneolaíocht faisnéise** – Cuireadh tuarascáil iniúcháireachta inmheánaí i gcrích in 2017 inar tarraingíodh anuas roinnt ábhair inmí maidir le bainistíocht ar rochtain úsáideora agus slándáil fhísiciúil córais teicneolaíocht faisnéise chomh maith le rialuithe timpeallachta i seomra na bhfreastalaithe. Tá an Gníomhaireacht ag oibriú chun na moltaí chun feabhais ar fad sa tuarascáil iniúcháireachta inmheánaí a chur i bhfeidhm.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirilínte reatha soláthair a chinntiú. Tarraingítear aird faoi fhadhbanna rialaithe inmheánaigh thíos ar ábhar a tháinig chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú na Gníomhaireachta Tithíochta ar éifeachtacht an

chórais rialaithe inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ar obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair na n-iniúcháirí, agus an ardbhainistíocht laistigh den Ghníomhaireacht Tithíochta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil. Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2017.

Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Maidir leis an Soláthar in 2017, tabhaíodh caiteachas €1.246m ar earraí agus seirbhísí nuair nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh na treoirlínte soláthair. Bhain na seirbhísí a úsáideadh le seirbhísí dlí, árachas agus acmhainní sealadacha.

Maidir leis na Seirbhísí Dlí, shainaithin an Ghníomhaireacht gur ghá seirbhísí tíolactha a fhostú i lár 2015. Theastaigh sé sin chun réadmhaoine a cheannach le húsáid mar thithíocht shóisialta, a cheannódh Údarás Áitiúla go díreach nó a cheannódh an Ghníomhaireacht le díol ansin le Comhlachtaí Tithíochta Faofa. Phléigh an Ghníomhaireacht é sin leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, agus deimhníodh go raibh an Oifig ag bunú creat seirbhísí dlí. Dheimhnigh an Ghníomhaireacht go n-úsáidfíodh sí an creat sin nuair a bhunófaí é. Ach níor bunaíodh an creat faoin am ar theastaigh na seirbhísí ón nGníomhaireacht agus ní raibh sé i bhfeidhm go dtí mí na Nollag 2016. Thug an Ghníomhaireacht faoi phróiseas tairisceana srianta mar bheart eatramhach. Fuair an Ghníomhaireacht seirbhísí dlí ó Chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais ó shin. Ach bhí costais na gceannachán fós i gceist in 2016 agus in 2017. B'ionann iad sin agus €374,679 agus €343,597 do dhá ghnólacht dlí.

Maidir le costais árachais, bhain sé sin go príomha le hárachas ar réadmhaoine a ceannaíodh faoin gClár Fála Tithíochta. Ní raibh sé i gceist go mbeadh na réadmhaoine sin faoi úinéireacht na Gníomhaireachta ar feadh tréimhsí fada. Ach bhí moill shuntasach ar na réadmhaoine sin a dhíol le Comhlachtaí Tithíochta Faofa, agus dá réir sin thabhaigh an Ghníomhaireacht

costais nach rabhtas ag súil leo agus ní raibh dóthain ama ann chun tabhairt faoi phróiseas soláthair. Chosain árachas ar an iomlán €269,189, a raibh táille choimisiúnaithe €59,898 san áireamh ann, ar an nGníomhaireacht in 2017.

D'fhostaigh an Ghníomhaireacht seirbhísí saineolaithe réadmhaoine freisin chun punanna réadmhaoine a aimsiú faoin gClár Fála. Ba é €136,735 an costas iomlán air sin in 2017.

Bhain an chatagóir dheireanach caiteachais leis na costais a bhaineann le hacmhainní a fhostú trí ghnólacht earcaíochta. Lorg an Ghníomhaireacht costais agus acmhainní ó roinnt gnólachtaí earcaíochta le haghaidh acmhainní gearrthéarmacha ar dtús, ach coinníodh na hacmhainní ar feadh tréimhse níos faide i roinnt cásanna. B'ionann costais an ghnólachta earcaíochta agus €122,264, agus bhain €21,396 de sin leis an táille earcaíochta agus riaracháin.

Maidir leis na feabhsúcháin fhoriomlána ar an soláthar sa Ghníomhaireacht, tugadh faoi na bearta seo a leanas chun na míreanna sin a fheabhsú agus a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte soláthair níos fearr:

- Dréachtaíodh Plean Soláthair Chorpáraidigh ina bhfuil plean soláthair oibríochta bliantúil. Nuashonraigh an Ghníomhaireacht Tithíochta na beartais agus nósanna imeachta soláthair ar fad de réir na treorach is deireanaí ón Roinn Airgeadais. Cuimsítear sa phlean sin an gá atá le hárachas, saineolas réadmhaoine agus acmhainní a fháil de réir na treorach agus rialachán soláthair;
- Ina dhiaidh sin, tugadh faoi oiliúint foirne chun tuiscint agus feasacht ar cheanglais soláthair ar fud na Gníomhaireachta Tithíochta a fheabhsú.
- Rinneadh Teimpléid Chaighdeánacha a lárú le haghaidh gach céime de na próisis soláthair.

Michael Carey
An Cathaoirleach

Dáta: 26 Meitheamh 2018

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Gníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 mar a éilítear faoi alt 11 den Ordú fán nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), 2012 agus Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar athruithe ar chothromas
- an ráiteas ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann an ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus caiteachas do 2017 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

Bunús na tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (ISAnna), mar a fheidhmíonn Eagraíocht Idirnáisiúnta na nArd-Institiúidí Iniúcháireachta iad. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ar an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail

Inbhuanaithe agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticíúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhar eile

Chuir an Gníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsítear ansin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltáí Boird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín leis an tuairisc seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisciú ar fhaisnéis dá leithéid, agus ar ábhar áirithe eile a dtuairiscím orthu mar eisceacht.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Tarraingím aird ar an ráiteas ar rialú inmheánach a nochtann cúpla cás nár comhlíonadh na treoirlínte le haghaidh soláthar poiblí agus na bearta a ghlac an Gníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt ar an gcás.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2018

An Dr Nessa Winston (UCD), an Dr Jesper Ole Jensen (Ollscoil Aalborg, An Danmhairg), An Dr Montserrat Pareja-Eastaway (Ollscoil Barcelona, An Spáinn), An tOllamh Glen Bramley (Ollscoil Heriot Watt, Albain) agus an Dr Ivan Tosics (Metropolitan Research Institute, An Ungáir) ag an seimineár ar *Sustainable Communities & Urban Housing: A comparative European Perspective* a réachtáil an Ghníomhaireacht an 2 Meitheamh, 2017.



Aguisín leis an tuairisc

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Leagtar amach freagrachtaí na gcomhaltaí Boird sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird. Tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais i bhfoirm a fhorordaítear faoi alt 11 den Ordú fán nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), 2012 agus Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasáíocht iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá ag teastáil chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 11 den Ordú fán nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), 2012 agus Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe agus tuairisciú ina leith sin do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh ar bun dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní chinntíonn sé go dtabharfaidh an t-iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna míráiteas ábhartha faoi deara i gcónaí más ann dó. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaidís go réasúnta, astu féin nó le chéile, tionchar a imirt ar chinntí geilleagracha úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním amhras gairmiúil i rith an iniúchta. Dá réir sin,

- sainiúim agus déanaim measúnú ar rioscaí mhíríteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid; ceapaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois níos airde ná ceann mar gheall ar earráid, toisc go bhféadfadh go mbeadh baint ag claonpháirteachas, brionnú, ábhar a fhágáil ar lár d'aon turas, míléirithe, nó sárú rialaithe inmheánaigh le calaois.
- faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a cheapadh atá iomchuí do na cúinsí, ach ní chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- déanaim measúnú ar chomh hiomchuí is atá na beartais chuntasáíochta a úsáidtear agus ar chomh réasúnta is atá na meastacháin chuntasáíochta agus an nochtadh lena mbaineann.
- bainim tatal as ar chomh hiomchuí is atá sé bonn an ghnóthais leantaigh a úsáid sa chuntasáíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú i leith chumas na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thatal as go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraing i mo thuairisc ar an nochtadh lena mbaineann sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil an nochtadh sin leordhóthanach, mo thuairim a athrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas go dáta mo thuairisce. Ach d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara ar an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

- déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear aon nochtadh, agus an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a chuireann faisnéis i láthair go cóir.

Bím i mbun cumarsáide leo siúd atá freagrach as cúrsaí rialachais maidir le, i measc rudaí eile, raon feidhme agus sceideal beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaitním i rith m'iniúchta

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsím mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chineál tátal dearbhaithe ina leith in iúl. Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, dá réir sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fhaightear i rith an iniúchta, nó más cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ar bhealach ar bith eile. Má bhainim de thátal as an obair a dhéanamh go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhar eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá ábhar ábhartha eile ann maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Agus iniúchadh ar bun agam, féachaim le fianaise a fháil ar rialacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí i gceist nó nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Tuairiscím mar eisceacht freisin sa chás, i mo thuairim,


- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas


Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

<u>Ioncam</u>	Nótaí	2017 €	2016 €
Deontas Tithíochta agus Pobal Inbhuanaithe	5.1	5,200,000	4,069,000
Ciste Piríte	5.1	25,547,798	26,999,642
Leasúchán Piríte - Ioncam Eile	5.8	678,572	317,400
Foireann agus Seirbhísí a sholáthraíonn Homebond	5.9	347,636	348,228
Ioncam ó Tháillí	5.2	554,876	671,082
Aisghabháil Fhine Gall	5.4	233,497	-
Aisghabháil Chostais Phá an National Building Agency Limited (NBA)	5.3	-	290,541
Aisghabháil Speansas ó Chomhlachtaí Stáit	5.4	401,991	187,274
Ioncam Cíosa	5.5	32,139	11,726
Díol láithreáin Chomhiomlánaithe Talún	5.6	25,000	248,000
Ioncam Eile	5.7	52,625	90,800
Ús Taisce Infhaighte		0	58
Glan-Mhaoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean	15(c)	874,000	484,000
Ioncam Iomlán		33,948,134	33,717,751
Aistriú ó / (chuig) Cúlchistí Caipitil	1.15	65,911	38,518
		34,014,045	33,756,269
Caiteachas			
Costais Fostaíochta	6	3,670,317	3,088,288
Costais Riaracháin Oifige	7	765,393	747,105
Táillí Dlí agus Gairmiúla	8	891,490	916,549
An Scéim Leasúcháin Piríte	9	25,274,708	26,518,953
Táillí Dlí agus Gairmiúla - Fáil réadmhaoine	17	325,844	325,043
Costais Fhine Gall	17	278,337	-
Íocaíocht leis an Stáitchiste	5.8	678,572	317,400
Foireann agus Seirbhísí Homebond	5.9	347,636	348,228
Dímheas	10	137,965	48,950
Costais Phinsean	15(a)	728,159	350,818
An Gníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta	20	13,580	-
Soláthar i gcomhair Drochfhiach		-	(9,672)
Caiteachas Iomlán		33,112,001	32,651,662
Barrachas don bhliain		902,044	1,104,607

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 24. D'fhaomh an bord na ráitis airgeadais an 26 Meitheamh 2018 agus shínigh an bheirt thíosluaite thar ceann an Bhoird iad:



Michael Carey
An Cathaoirleach
Dáta: 26 Meitheamh 2018




John O'Connor
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Barrachas don bhliain		902,044	1,104,607
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsean	15(b)	(6,280,000)	(781,000)
Maoiniú Pinsean Iarchurtha	15(c)	6,280,000	781,000
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain		902,044	1,104,607
Coigeartú don bhliain roimhe sin	4	-	(257,076)
Ioncam Cuimsitheach Iomlán Leasaithe		902,044	847,531

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 24. D'fhaomh an bord na ráitis airgeadais an 26 Meitheamh 2018 agus shínigh an bheirt thíosluaite thar ceann an Bhoird iad:


Michael Carey
An Cathaoirleach



John O' Connor
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 26 Meitheamh 2018


Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017	2016
		€	€
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe			
Daingneáin, Fearais & Trealamh	10	70,357	85,093
Foirgnimh	10	4,860,033	259,498
Tailte Forbartha	10	1,441,319	1,441,320
Trealamh Ríomhaireachta	10	113,148	64,858
Sócmhainní reatha			
Ioncam fabhráithe	11	75,437	120,412
Fáil Tithíochta – Taiscí agus Stoc Tithe le hAthdhíol	18	64,844,915	9,952,025
Suimeanna Infhaighte	12	580,541	3,547,537
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	13	14,837,337	2,369,478
		<u>80,338,230</u>	<u>15,989,452</u>
Dlíteanais Reatha			
Suimeanna Iníochta	14	(4,944,630)	(3,341,032)
Glansócmhainní Reatha		<u>75,393,600</u>	<u>12,648,420</u>
Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha		<u>81,878,457</u>	<u>14,499,189</u>
roimh Phinsin			
Maoiniú Pinsean Iarchurtha	15(c)	9,867,000	2,713,000
Dlíteanais Phinsean	15(b)	<u>(9,867,000)</u>	<u>(2,713,000)</u>
		-	-
Glansócmhainní		<u>81,878,457</u>	<u>14,499,189</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Ranníocaíocht Chaipitil		1,944,145	1,944,145
Maoiniú Fála Tithíochta	18	71,795,160	9,952,025
Cúlchiste Caipitil	1.15	5,043,538	409,449
Cúlchistí Ioncaim		<u>3,095,614</u>	<u>2,193,570</u>
		<u>81,878,457</u>	<u>14,499,189</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 24. D'fhaomh an bord na ráitis airgeadais an 26 Meitheamh 2018 agus shinigh an bheirt thíosluaite thar ceann an Bhoird iad:



Michael Carey
An Cathaoirleach



John O' Connor
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin


Dáta: 26 Meitheamh 2018

Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas


Cúlchistí	Cúlchiste Ranníocaíocht Chaipitil	Tuilleamh Coinnithe	Cúlchiste Caipitil	Cúlchiste Fála	Iomlán
Amhail an 1 Eanáir 2017	1,944,145	2,193,570	409,449	9,952,025	14,499,189
Ioncam cuimsitheach don bhliain					
Barrachas don bhliain	-	902,044	-	61,843,135	62,745,179
Réadmhaoin a Fháil	-	-	4,700,000	-	4,700,000
Aistriú (chuig)/ón Ioncam	-	-	(65,911)	-	(65,911)
Ioncam Cuimsitheach iomlán don bhliain	-	902,044	4,634,089	61,843,135	67,379,268
Amhail an 31 Nollaig 2017	1,944,145	3,095,614	5,043,538	71,795,160	81,878,457

	Cúlchiste Ranníocaíocht Chaipitil	Tuilleamh Coinnithe	Cúlchiste Caipitil	Cúlchiste Fála	Iomlán
Amhail an 1 Eanáir 2016	1,944,145	1,088,963	447,967	-	3,481,075
Ioncam cuimsitheach don bhliain					
Barrachas don bhliain	-	1,104,607	-	9,952,025	11,056,632
Aistriú (chuig)/ón Ioncam	-	-	(38,518)	-	(38,518)
Ioncam Cuimsitheach iomlán don bhliain	-	1,104,607	(38,518)	9,952,025	11,018,114
Amhail an 31 Nollaig 2016	1,944,145	2,193,570	409,449	9,952,025	14,499,189

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 24. D'fhaomh an bord na ráitis airgeadais an 26 Meitheamh 2018 agus shínigh an bheirt thíosluaite thar ceann an Bhoird iad:



Michael Carey
An Cathaoirleach



John O'Connor
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 26 Meitheamh 2018

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017	2016
		€	€
Réiteach Glanghluaiseachta don Bhliain			
chuig Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas oibriúcháin don bhliain		902,044	1,104,607
Dímheas	10	137,965	48,950
Ús Bainc Tuillte		-	(58)
Aistriú ó / (chuig) Cuntas Caipitil	1.15	(65,911)	(38,518)
Deontais Faighte don Chiste Imrothlach Tithíochta	18	66,788,975	9,952,025
Suimeanna Íoctha as Fáil Réadmhaoine	18	(69,104,493)	(9,952,025)
Suim Faighte as Díolacháin, Cíos agus Aisíocaíocht Réadmhaoine	18	9,265,763	-
(Méadú) / Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte		3,011,972	(2,496,744)
(Laghdú) / Méadú ar Shuimeanna Iníoctha		1,603,598	(1,450,883)
Gnóthach ar Dhíol Láithreán Comhiomlánaithe Talún	5.6	(25,000)	-
Glan-airgid a gineadh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		12,514,913	(2,832,646)
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid			
Glan-Insreabhadh / (Ais-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		12,514,913	(2,832,646)
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	10	(72,054)	(10,432)
Díol Láithreán Comhiomlánaithe Talún	5.6	25,000	-
Glanairgead ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Ús Bainc Tuillte		-	58
(Méadú) / Laghdú ar Airgead		12,467,859	(2,843,020)
Réiteach Glansreabhadh Airgid chuig Gluaiseacht i nGlanchistí			
Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2017	13	2,369,478	5,212,498
Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2017	13	14,837,337	2,369,478
(Méadú) / Laghdú ar Airgead		12,467,859	(2,843,020)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 24. D'fhaomh an bord na ráitis airgeadais an 26 Meitheamh 2018 agus shínigh an bheirt thíosluaite thar ceann an Bhoird iad:

Michael Carey
An Cathaoirleach
Dáta: 26 Meitheamh 2018


John O' Connor
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasáíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an Gníomhaireacht leo. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

Eolas Ginearálta

1.1 An Gníomhaireacht Tithíochta a Bhunú

Bunaíodh an Gníomhaireacht Tithíochta ar bhonn reachtúil an 1 Lúnasa 2012 faoin Ordú fán nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), 2012. Is iad feidhmeanna na Gníomhaireachta:

- seirbhísí roinnte agus lárnacha; seirbhísí taighde, comhairle, faisnéise agus oiliúna; seirbhísí sainchomhairliúcháin, teicniúla agus pleanála straitéisí; seirbhísí fála agus gníomhaireachta
- ar iarratas an Aire, innéacsanna réadmhaoine cónaithe a ullmhú, a shealbhú, a bhainistiú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear innéacsanna maidir le díolacháin tithíochta cónaithe agus cíosanna réadmhaoine cónaithe;
- athnuachan shóisialta agus gheilleagrach a eagrú, a chomhordú agus a sholáthar, lena n-áirítear talamh agus bonneagar a fhorbairt agus a fheabhsú; agus
- réiteach fadhbanna a bhaineann le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe a chomhordú, agus cur leis.

D'oibrigh an Gníomhaireacht Tithíochta trí Housing and Sustainable Communities Limited (HSC) ar feitheamh a bunú ar bhonn reachtúil. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais HSC Limited chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013. Áiríodh sna sócmhainní a aistríodh tailte forbartha (Nóta 10) agus tailte arna sealbhú faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún (Nóta 10).

Feidhmeanna breise

An Bord Réitigh Piríte – Bunaíodh an Bord seo an 10 Eanáir 2014 faoin Acht um Réiteach Piríte, 2013. Is iad príomhfheidhmeanna na scéime scéim a bhunú le haghaidh leasúchán piríte agus an scéim a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú. Faoin Acht, is é ról na Gníomhaireachta Tithíochta an scéim a riaradh agus íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an Bhoird Réitigh Piríte. Aithnítear sna ráitis airgeadais seo maoiniú a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus Caiteachas a tabhaíodh mar gheall ar an leasúchán piríte.

An Oifig Rialála le haghaidh Comhlachtaí Tithíochta Faofa – Ó 2014 i leith, tá an Gníomhaireacht Tithíochta freagrach, ar bhonn eatramhach, as Comhlachtaí Tithíochta Faofa (AHBanna) a rialáil. Bhunaigh an Gníomhaireacht Tithíochta Oifig Rialála chun tacú leis an obair sin agus tuairiscíonn sí do Choiste Rialála eatramhach a cheapann an tAire. Tá rialáil na hearnála bunaithe ar Chód Rialála Deonái: Building for the Future, A Voluntary Regulation Code for Approved Housing Bodies in Ireland.

Cabhrú le húdaráis áitiúla tithíocht a cheannach – Ó mhí Iúil 2015, ceannaíonn an Gníomhaireacht Tithíochta tithe ó ghlacadóirí/leachtaitheoirí freisin thar ceann údaráis áitiúla. Feic Nóta 17.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

1.1 An Gníomhaireacht Tithíochta a Bhunú (ar lean)

Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine

Cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht Tithíochta tithíocht fholamh a fháil le húsáid mar thithíocht shóisialta faoin bPlean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine. Is é ról na Gníomhaireachta chuige sin plé le bainc, infheisteoirí agus úinéirí féideartha eile cúpla punann réadmhaoine chun réadmhaoine a fháil ar bhonn náisiúnta. Faigheann an Gníomhaireacht maoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoin bplean gníomhaíochtaí maidir le tithíocht agus easpa dídine.

Tugtar an maoiniú trí dheontas imrothlach suas le €76 milliún a chuireann ar chumas na Gníomhaireachta réadmhaoine gan chónaí a cheannach ó bhainc, cistí infheistíochta agus eile. Cuireadh tús leis an scéim go deireanach in 2016. Beartaítear go ndíolfar na réadmhaoine a cheannaítear le comhlachtaí tithíochta faofa go tapa. Tá sé i gceist ag an nGníomhaireacht gan brabús ná cailteanas a dhéanamh ar an scéim agus ríomhtar aon ghluaiseachtaí glan ar an gcúlchiste ciste fála (Nóta 18)

1.2 Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, a eisiúnn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), mar a fheidhmíonn Chartered Accountants Ireland iad.

1.3 Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dlíteanas áirithe a thomhaistear ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis i bhfoirm a cheadaíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Éilítear go n-úsáidfear meastacháin chuntasaíochta chriticiúla áirithe nuair atá ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir FRS102. Éilítear freisin go n-úsáidfí an lucht bainistíochta breithiúnas agus na beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm.

1.4 Gnóthas Leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

1.5 Beartas Ioncaim

Léiríonn ioncam deontais na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG), táillí, ioncam ó chíos agus aisghabhálacha eile a úsáidtear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú agus í ag cabhrú leis an Roinn agus le hÚdarás Áitiúla beartais tithíochta a chur i bhfeidhm. Aithnítear ioncam Deontais a fhaightear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú ar bhonn admhálacha airgid.

Airleacann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) maoiniú don Gníomhaireacht Tithíochta le haghaidh costas a thabhaíonn sí mar gheall ar an Scéim Leasúcháin Piríte. Aithnítear ioncam sna Ráitis Airgeadais nuair a fhaightear é ón Roinn. Meaitseáiltear ioncam a aithnítear sna ráitis airgeadais leis an gcaiteachas a thabhaítear sa

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

1.5 Beartas Ioncaim (ar lean)

tréimhse. Aithníonn an Ghníomhaireacht suim mar ioncam iarchurtha má tharraing sí anuas suimeanna sa bhreis ar chaiteachas.

Léiríonn ioncam eile ar scéimeanna eile agus gníomhaireachtaí le haghaidh táillí gairmiúla oll-ioncam lúide cáin bhreislúacha ar obair a rinneadh sa tréimhse.

Aithnítear ioncam ó tháillí maidir le hobair a críochnaíodh, ach nár cuireadh sonrasc ina leith fós. Ríomhtar an luach bunaithe ar an am ar caitheadh ar thionscadail agus na speansais a tabhaíodh mar gheall orthu. Aithnítear an tsuim atá dlíte mar ioncam fabhráithe agus áirítear mar shócmhainn í.

1.6 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear Gléasra agus Trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha. Áirítear le costas na costais ar fad atá inchurtha go díreach chun an tsócmhainn a chur i mbail oibríthe dá húsáid bheartaithe.

Foráiltear do dhímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe go córasach, ar rátaí a ríomhtar chun na costais lúide luach measta iarmharach a dhíscríobh, le haghaidh gach sócmhainne thar a saolré mheasta úsáideach, mar seo a leanas:

Talamh	Nialas
Foirgnimh	- 2% de réir méid chothroim
Daingneáin, fearais agus trealamh chothroim	- 12.5% de réir méid
Trealamh Ríomhaireachta chothroim	- 20% de réir méid

1.7 Talamh Fhorbartha

Cheannaigh an National Building Agency Limited (NBA) agus Housing and Sustainable Communities Limited (HSC Ltd) an talamh forbartha atá ag an nGníomhaireacht Tithíochta an chéad lá riamh le haghaidh cuspóirí forbartha amach anseo. Mar chuid den phróiseas cuíchóirithe, aistríodh na sócmhainní sin chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Aistríodh iad sin chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013 ar a luach ar an margadh oscailte. Ba é a luach iomlán tráth an aistríthe €1,441,247 (Nóta 10). Leanann an Ghníomhaireacht Tithíochta ag aithint na dtailte sin ar luach margaidh 2013.

Níl an talamh á forbairt faoi láthair. Táthar ag súil, sa chás go bhfuil an talamh sin feiliúnach do thithíochta, bíodh tithíocht shóisialta nó cuspóirí tithíochta eile i gceist, go n-úsáidfear chuige sin í, má theastaíonn a leithéid sa cheantar. Chinnfí úsáid fhéideartha aon cheann de na láithreáin sin i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

1.8 An Scéim Chomhiomlánaithe Talún

Bunaíodh an scéim chomhiomlánaithe talún in 2010. Faoin scéim, d'fhéadfadh údarais áitiúla, ach táille ainmniúil a íoc, talamh forbartha cónaithe, lenar bhain iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe a bhí fós le híoc, a aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Cuireadh deireadh leis an scéim i mí na Nollag 2013 agus faoi sin bhí an Roinn tar éis aistriú 73 láithreán a fhaomhadh, lenar bhain 247 heicteár. Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as na tailte a aistríodh faoin scéim a bhainistiú agus a chothabháil. Níl an t-údarás ag an nGníomhaireacht Tithíochta láithreán a dhiúscairt ná a forbairt gan cead Aire.

Níl an Ghníomhaireacht in ann luach iontaofa a sealúchais láithreáin a ríomh go dtí go gcríochnaítear a tograí le haghaidh úsáid na láithreán sa todhchaí agus go bhfaightear cead an Aire dóibh. Dá thoradh sin, coinnítear réadmhaoinne a aistríodh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún ar luach ainmniúil €1 in aghaidh an láithreáin aistríthe (Nóta 10).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

1.8 An Scéim Chomhiomlánaithe Talún (ar lean)

Chuige seo, aistríodh 71 láithreán as an 73 chuig an nGníomhaireacht Tithíochta agus tá an péire deiridh fós idir lámha ag aturnaetha. I rith na bliana, diúscaíodh ceann amháin den 73 láithreán le haghaidh tithíochta. Lorg an Gníomhaireacht Tithíochta 16 luacháil mhargaidh ar an 73 láithreán arna gcoinneáil i rith na bliana. Níor críochnaíodh ach luacháil amháin as na 16 cinn i rith na bliana (Nóta 10). Déanfaidh an Gníomhaireacht Tithíochta athluacháil ar na tailte arna gcoinneáil faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún nuair a chuirtear an úsáid sa todhcháil i gcrích agus nuair a cheadaíonn an tAire í.

1.9 Suimeanna Infhaighte

Tomhaistear suimeanna infhaighte gearrthéarmacha ar a gcostas idirbhirt, lúide aon bhearnú.

1.10 Airgead agus Coibhéisí Airgid

Léirítear airgead le taiscí le hinstiúidí airgeadais.

1.11 Idirbhearta neamhairgid

Mar chuid de na comhaontuithe a rinneadh le tríú páirtithe faoi chúrsaí piríte, d'fhéadfadh an Gníomhaireacht seirbhísí nach n-íocfadh an Gníomhaireacht astu a fháil ó pháirtithe dá leithéid. Aithníonn an Gníomhaireacht seirbhísí dá leithéid nuair a fhaightear iad mar ioncam agus mar speansas.

1.12 Suimeanna Iníochta

Tomhaistear suimeanna iníochta gearrthéarmacha ar a gcostas idirbhirt. Tomhaistear dliteanais airgeadais eile, iasachtaí bainc ina measc, ar a luach cóir ar dtús, glan ar chostais idirbhirt, agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ar a gcostas amúchta ag úsáid mhodh an úis ghlain.

1.13 Sochair Scoir

Foráladh in Alt 7 (8) d'Ionstraim Reachtuil Uimhir 264 de 2012 do bhunú scéim aoisliúntais le haghaidh na Gníomhaireachta. Feidhmíonn an Gníomhaireacht scéim sochair shainithe a mhaoinítear ar bhonn íoc mar a théitear ó airgead a thugann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastal foirne agus ball. Tá an scéim á feidhmiú ar bhonn riaracháin ar feitheamh cead a fháil ón Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Feidhmíonn an Gníomhaireacht Tithíochta Scéim Aonair Pinsean na Seirbhísí Poiblí (“an Scéim Aonair”) freisin, scéim sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na scéime aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais pinsean sochair pinsean a thuill fostaithe, agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a íocann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsean mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a íoc.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

1.13 Sochair Scoir (ar lean)

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ar luach cóir, sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na Gníomhaireachta Tithíochta agus aon mhaoiniú lena mbaineann, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta a dtuillteann fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach leis an modh creidmheasa aonaid measta.

1.14 An Clár Fála Tithíochta

Caitear leis an deontas imrothlach €76 milliún (feic 1.1) mar mhaoiniú fadtéarmach agus taispeántar i gCaipiteal agus Cúlchistí é. Déantar taiscí a íoctar ar réadmhaoine a chuntas i Sócmhainní Reatha agus déantar réadmhaoine a cheannaítear ach nach ndíoltar nó nach n-aistrítear a chuntas i Stoc tithíochta tithe atá le hathdhíol. Déantar speansais atá neamh-inghabhála agus ioncam cíosa a fhaightear ó cheann ar bith de na réadmhaoine fála a ríomh glan ar an gCúlchiste Fála Tithíochta.

1.15 Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil an sciar ioncain gan amúchadh a chuirtear i bhfeidhm chun críocha caipitiúla. Maoinítear sócmhainní seasta as ioncam deontais agus amúchtar iad de réir dímheasa.

1.16 Airgeadra

Is é an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais an Euro.

1.17 Fardal

Fáil Tithíochta – Taiscí agus Stoc Tithe le hAthdhíol

Mar chuid den chiste tithíochta imrothlach €76m, faigheann an Gníomhaireacht Tithíochta tithe agus aistríonn sí na réadmhaoine chuig Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Faofa ar a gcostas.

Ríomhtar na suimeanna a choinnítear (Nóta 18) mar na taiscí agus ceannacháin réadmhaoine le haon bhreiseanna le hoibreacha caipitil lúide aon diúscairtí nó aisíocaíochtaí i rith na bliana.

1.18 Cúlchiste Ranníocaíocht Chaipitil

Baineann an ranníocaíocht chaipitil le haistriú na nglansócmhainní ó Housing and Sustainable Communities Limited (HSC Ltd), an National Building Agency Limited (NBA) agus Comhairle Contae Fhine Gal chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ar chomaoin Nialais in 2013. Rinneadh é sin ar threoir na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG), an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) anois.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

2. Breithiúnais ar bheartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm agus príomhfhoinsí na héiginnteachta réamh-mheasta

Saolré Úsáideach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:

Cuimsíonn sócmhainní fadréimseacha Foirgnimh, daingneáin, fearais agus trealamh ríomhaireachta go príomha. Braitheann an táille bhliantúil dímheasa go príomha ar shaolré mheasta gach cineáil sócmhainne agus, i gcúinsí áirithe, ar mheastacháin ar luachanna iarmharacha. Athbhreithníonn an bord na saolréanna úsáideacha sin go rialta agus athraítear iad más gá chun cúinsí reatha a léiriú. Nuair atá saolré úsáideach á cinneadh, cuimhníonn an bhainistíocht ar athrú teicneolaíochta, patrúin tomhaltóra, bail fhísiciúil agus úsáid gheilleagrach mheasta na sócmhainní. D'fhéadfadh athruithe ar shaolréanna úsáideacha tionchar suntasach a imirt ar an táille dímheasa don bhliain airgeadais.

3. Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Éilítear ar an lucht bainistíocht, agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an ráitis ar staid an airgeadais agus na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus caiteachas i rith na bliana. Ach mar gheall ar nádúr an mheastacháin, d'fhéadfadh go mbeadh an-difríocht idir na torthaí iarbhair agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ag na breithiúnais seo a leanas.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní a bhíonn faoi réir amúchadh le haghaidh bearnú nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas bearnúcháin don tsuim dá sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is ionann méid in-aisghabhála agus luach cóir sócmhainne lúide costais lena díol agus a luach úsáide, pé acu is mó. Ar mhaithe le bearnú a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpaí ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith (aonaid giniúna airgid). Athbhreithnítear sócmhainní neamhairgeadais ar tharla bearnú orthu le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

D'athbhreithnigh na Stiúrthóirí saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha lena mbaintear na n-aimí sócmhainní seasta ar fad, agus go háirithe, saolré úsáideach gheilleagrach agus luachanna iarmharacha daingneán agus fearas, agus bhain siad de thátal as sin ar fad go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

Oibleagáid Sochar Scoir

Déantar athbhreithniú bliantúil, bunaithe ar na dálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir, ar na toimhdí is bonn taca do na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí threochtaí na gcostas cúram sláinte).

D'fhéadfadh siad seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán
- (ii) leibhéil cúitimh sa todhchaí, dálaí mhargadh an tsaothair sa todhchaí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

4. Coigeartú don Bhliain roimhe sin

Athaicmíodh figiúirí ó thréimhsí roimhe seo chun go dtiocfaidís le cur i láthair na tréimhse reatha.

I rith na bliana, rinneadh an t-athaicmiú seo a leanas ar shócmhainní:

Talamh a choinnítear le haghaidh forbartha a athaicmíodh ó shócmhainní reatha go sócmhainní neamhreatha.

An Scéim Chomhiomlánaithe Talún a athaicmíodh ó shócmhainní reatha go sócmhainní neamhreatha.

5 Ioncam

5.1 Deontas ón Oireachtas

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Tithíochta go foirmiúil ar bhonn reachtúil an 1 Lúnasa 2012 (an Lá Bunaithe) faoin Ordú fán nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), 2012 (Ionstraim Reachtúil Uimhir 264 de 2012), agus faigheann sí maoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Soláthraíonn an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil deontas stáit bliantúil don Ghníomhaireacht Tithíochta chun tacú leis an obair a dhéanann sí.

Faigheann an Ghníomhaireacht Tithíochta maoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar seo a leanas:

(i) Deontas stáit bliantúil don Ghníomhaireacht Tithíochta chun tacú leis an obair a dhéanann sí.

(ii) Maoiniú mar go riarann an Ghníomhaireacht an Scéim Leasúcháin Piríte thar ceann an Bhoird Réitigh Piríte (feic Nóta 1.1).

(iii) Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce – scéimeanna móra uisce agus dramhuisce a sholáthar chun cuspóirí tábhachtacha comhshaoil agus geilleagracha a chomhlíonadh.

(iv) Taighde

Chomh maith leis sin, d'iarr an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar an nGníomhaireacht Tithíochta tabhairt faoi obair a bhí taobh amuigh den chomhaontú leibhéal seirbhíse, a thabhaigh costais bhreise. Comhaontaíodh aisghabháil na gcostas sin.

Deontais a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Vóta 34

	2017	2016
	€	€
Deontas (Fo-cheannteideal A.10.3.1 & A.10.3.2)	5,200,000	4,069,000
Pirít - an Bord Réitigh Piríte (Fo-cheannteideal A.10.5.1)	<u>25,547,798</u>	<u>26,999,642</u>
	<u>30,747,798</u>	<u>31,068,642</u>

5.2 Ioncam ó Tháillí

Léiríonn ioncam ó tháillí muirir ar chliant (údaráis áitiúla nó comhlachtaí stáit eile) maidir le seirbhísí ar thug an Ghníomhaireacht Tithíochta fúthu, lena n-áirítear seirbhísí taighde, seirbhísí ailtireachta, seirbhísí suirbhéireachta cainníochta agus seirbhísí cigireachta. Áirítear leis freisin ioncam Fabhráithe ar cuireadh sonraisc ina leith i rith na tréimhse (Nóta 11).

	2017	2016
	€	€
Ioncam ó Tháillí	554,876	671,082

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

5.3 Aisghabháil Chostais Phá an National Building Agency Limited (NBA)

Tá an National Building Agency Limited (NBA) á scor agus aistríodh a fhostaithe chuig comhlachtaí stáit eile. Cuireadh athlonnú fhoireann an National Building Agency Limited (NBA) i gcrích in 2016.

	2017	2016
	€	€
Aisghabháil an National Building Agency Limited (NBA)	-	290,541

5.4 Aisghabháil Speansas ó Chomhlachtaí Stáit Eile

Baineann sé seo le míreanna éagsúla ar nós costais phá foirne a bhí ar iasacht le comhlachtaí stáit eile a aisghabháil agus costais oibre a rinneadh thar ceann comhlacht stáit eile a aisghabháil.

	2017	2016
	€	€
Aisghabháil Speansas ó Chomhlachtaí Stáit Eile**	401,991	187,274
Aisghabháil Fhine Gall	233,497	-
**Costais 2017: Tuarastal €369,755 agus Speansais €32,236		

5.5 Ioncam Cíosa

Cuimsíonn Ioncam Cíosa cíos a fuarthas mar gheall ar shócmhainní talún arna gcoinneáil ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

	2017	2016
	€	€
Ioncam Cíosa	32,139	11,726

5.6 Díol Láithreáin Chomhiomlánaithe Talún

Baineann figiúr 2016 go príomha le diúscairt cuid de láithreán Comhiomlánaithe Talún ag Duntahane Road, Mainistir Fhear Maí, Contae Chorcaí. D'iarr an Gníomhaireacht Tithíochta go gcoinneofaí an t-airgead sin chun costais na slándála láithreáin agus chothabháil na láithreán a chlúdach. Baineann figiúr 2017 le tailte a díoladh sa Ghleann, Contae Luimnigh.

	2017	2016
	€	€
Díolachán tailte	25,000	248,000

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

5.7 Ioncam Eile

Faigheann an Ghníomhaireacht Tithíochta aisíocaíocht freisin ar chostais a tabhaíodh mar gheall ar ghníomhaíochtaí agus scéimeanna eile ar tugadh fúthu i rith na bliana.

	2017	2016
	€	€
A.4.4.1 Comhlachtaí Tithíochta Faofa: Morgáiste go Cíos	7,595	-
A.4.4.2 Údarás Áitiúil: Morgáiste go Cíos	2,861	-
A.3.3.1 An Scéim Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta	16,329	-
A.5.4.1 Reatha - Dí-institiúidiú – Daoine faoi mhíchumas	10,070	-
A.3.1.2.1 Reatha - Léasú Fadtéarmach	3,198	-
Ranníocaíocht a fuarthas ó rannpháirtí sa Scéim Leasúcháin Piríte	12,572	1,000
Ranníocaíocht ó Homebond	-	52,289
Aisghabháil tuarastail maidir le fostaí ar iasacht i gcomhlacht stáit	-	30,083
Eile	-	7,428
	<u>52,625</u>	<u>90,800</u>

5.8 Pirít Eile

Faoin Acht um Réiteach Piríte, 2013, tá sé d'oibleagáid ag an mBord Leasúcháin Piríte na costais ar fad, nó cuid díobh, a bhaineann le teaghaisí a leasú a aisghabháil ó aon pháirtí ag a bhfuil dliteanas agus an cumas íoctha. In 2017, fuair an Ghníomhaireacht €678,572 san iomlán ó na tríú páirtithe sin mar ranníocaíocht le costais phiríte (2016 €317,400). Íocadh an t-airgead sin díreach leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

5.9 Homebond

In 2017, sholáthair Homebond seirbhísí bainisteoir tionscadal chun roinnt tionscadail leasúcháin piríte a bhainistiú. Is cuid de chomhaontú é sin ina soláthraíonn Homebond foireann agus seirbhísí dar luach €2 mhiliún don Ghníomhaireacht. In 2017, measadh go raibh luach na foirne agus seirbhísí sin a soláthraíodh ag €347,636 (2016 €348,228).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

6 Fostaithe agus Comhaltaí Boird

	2017	2016
	€	€
(a) Líon fostaithe		
Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana:	55	47
(b) Costais fostaíochta		
Pá agus tuarastail - foireann na Gníomhaireachta Tithíochta	2,674,381	2,156,936
Pá agus tuarastail - foireann Piríte	676,066	480,669
Pá agus tuarastail – foireann sannta NBA	-	286,623
	<u>3,350,447</u>	<u>2,924,228</u>
Taisteal agus Costais Foirne Eile	319,870	164,040
	<u>3,670,317</u>	<u>3,088,268</u>

(c) Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

I rith na bliana asbhaineann asbhaintí €145,841 a bhaineann le pinsean ón bhfoireann agus íocadh iad leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

(d) Luachanna Saothair na gComhaltaí Boird

Ní fhaigheann na comhaltaí boird táillí as súi ar Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur íocadh €4,000, €2,200 agus €4,489 le Caroline Gill, Alex Flood agus Jack Keyes faoi seach, comhaltaí ar an mBord Leasúcháin Piríte, as speansais in 2017. Is comhaltaí den PRB iad Derek Sinnott agus Sean Balfe freisin agus ní fhaigheann siad táille faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

(e) Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba é €117,603 tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh agus méadaíodh é go €120,287 an 1 Aibreán 2017 faoin gcéad chéim d'athbhunú na gciorruithe pá sealadacha faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington. Tá pinsean an Phríomhfheidhmeannaigh ina chuid de scéim eiseamláireach aoisliúntais shainithe na hearnála poiblí atá ag an nGníomhaireacht Tithíochta (Iontrálaithe nach bhfuil Nua – roimh 2004) agus ní sháraíonn a theidíochtaí teidíochtaí iontrálaithe eile.

(f) Sochair Foirceanta

Níor íocadh aon íocaíochtaí foirceanta i rith na bliana.

(g) Sochair Ghearrthéarmacha

Níor íocadh aon sochair gearrthéarmacha ar nós ragoibre nó líuntas i rith na bliana

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

6

Fostaithe agus Comhaltáí Boird

(h) An Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsíonn an príomhphearsanra bainistíochta sa Ghníomhaireacht Tithíochta na hoifigigh shinsearacha, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, na Príomhoifigigh, Príomhoifigeach Cúnta agus Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearacha. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe le haghaidh an phríomhphearsanra bainistíochta:

	2017	2016
	€	€
Tuarastal	537,360	500,573
Liúntais	0	0
Árachas Sláinte	0	0
	<hr/>	<hr/>
	537,360	500,573

Ní áirítear ansin luach na sochar pinsean a tuilleadh sa tréimhse. Is baill iad an príomhphearsanra bainistíochta de scéim pinsean na Gníomhaireachta Tithíochta agus ní leathnaíonn a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsean seirbhíse.

7

Costais Riaracháin

	2017	2016
	€	€
Cíos Iníochta	-	3,228
Rátaí	35,243	35,313
Árachas	44,437	49,565
Solas agus Teas	18,225	18,018
Glanadh	20,224	21,656
Deisiúchán agus Cothabháil	54,053	45,165
Priontáil, Postas agus Stáiseanáireacht	52,396	61,318
Cumarsáid	188,577	263,693
Teicneolaíocht Faisnéise Cumarsáide	196,166	136,450
Costais Áitribh	9,803	37,054
Muirir Bhainc	943	1,083
Costais Chruinnithe agus Chistine	69,735	35,199
Speansais Ghinearálta	4,783	3,864
Oiliúint Údarás Áitiúil	522	526
Síntiúis	35,087	10,556
Scoláireacht Foley / Tacaíocht Oideachais	35,199	24,417
	<hr/>	<hr/>
	765,393	747,105

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

8 Táillí Dí agus Gairmiúla

	2017	2016
	€	€
Costais Rialála agus Forbartha	125,399	-
Dlí agus Gairmiúil	8,552	581,575
Caiteachas Taighde	320,516	249,731
Faisnéis agus Oiliúint Tithíochta	2,542	-
Cuntasaíocht	24,592	34,408
Iníúcháireacht Inmheánach	18,734	34,935
Iníúcháireacht	34,000	15,900
Luachálacha Talún agus Táillí Dí le haghaidh Bainistíocht Sócmhainní	52,548	-
Fógraíocht agus Seirbhísí Dí le haghaidh Údaráis Áitiúla	16,616	-
Seiceálacha Creidmheasa Bhiúró Creidmheasa na hÉireann agus Frithghealladh le haghaidh Iasachtaí Soláthair Tithíochta	189,886	-
Tionscadail	43,456	-
Pleanáil Straitéiseach agus Cur i bhFeidhm	15,006	-
An Coiste Iníúcháireachta agus Riosca agus Athbhreithniú Rialachais	39,643	-
	891,490	916,549

9 Costais na Scéime Leasúcháin Piríte

Riarann an Ghníomhaireacht an Scéim Leasúcháin Piríte a tháinig i bhfeidhm an 13 Feabhra 2014. Suas go dtí an 31 Nollaig 2017, rinne an Ghníomhaireacht íocaíochtaí €64.2 milliún faoin scéim. Leagtar amach thíos sonraí na n-íocaíochtaí in 2016 agus in 2017. Leagtar amach i Nóta 19 sonraí na gceanglas amach anseo faoin scéim.

	2017	2016
	€	€
Bainisteoirí Tionscadal Foirgníochta	1,207,256	950,771
Conraitheoirí Oibre	22,051,523	23,677,415
Íocaíochtaí le hÚinéirí Tí	1,988,270	1,818,504
Dlí agus Gairmiúil	25,373	32,547
Costais ICT	-	1,684
Costais Riaracháin Eile	2,286	38,032
	25,274,708	26,518,953

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

10 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	Talamh Forbartha	Daingneáin, Fearais agus Ríomhaireachta	Foirgnimh	Trealamh Trealamh	Iomlán
	€	€	€	€	€
Costas					
larmhaid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2017	1,441,320	117,887	273,255	147,624	1,980,086
Breiseanna ag Costas	-	-	4,700,000	72,054	4,772,054
Diúscairt	(1)	-	-	-	(1)
larmhaid amhail an 31 Nollaig 2017	<u>1,441,319</u>	<u>117,887</u>	<u>4,973,255</u>	<u>219,678</u>	<u>6,752,139</u>
Dímheas					
larmhaid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2017	-	32,794	13,757	82,766	129,317
Dímheas don Tréimhse larmhaid amhail an 31 Nollaig 2017	-	<u>14,736</u>	<u>99,465</u>	<u>23,764</u>	<u>37,965</u>
	-	<u>47,530</u>	<u>113,222</u>	<u>106,530</u>	<u>267,282</u>
Glanluach de réir na Leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2017	<u>1,441,319</u>	<u>70,357</u>	<u>4,860,033</u>	<u>113,148</u>	<u>6,484,857</u>
Amhail an 31 Nollaig 2016	<u>1,441,320</u>	<u>85,093</u>	<u>259,498</u>	<u>64,858</u>	<u>1,850,769</u>
	€	€	€	€	€
Costas					
larmhaid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016	1,441,320	112,277	273,255	142,802	1,969,654
Breiseanna ag Costas	-	5,610	-	4,822	10,432
larmhaid amhail an 31 Nollaig 2016	<u>1,441,320</u>	<u>117,887</u>	<u>273,255</u>	<u>147,624</u>	<u>1,980,086</u>
Dímheas					
larmhaid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016	-	17,408	9,906	53,053	80,367
Dímheas don Tréimhse larmhaid amhail an 31 Nollaig 2016	-	<u>15,386</u>	<u>3,851</u>	<u>29,713</u>	<u>48,950</u>
	-	<u>32,794</u>	<u>13,757</u>	<u>82,766</u>	<u>129,317</u>
Glanluach de réir na Leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2016	<u>1,441,320</u>	<u>85,093</u>	<u>259,498</u>	<u>64,858</u>	<u>1,850,769</u>
Amhail an 31 Nollaig 2015	<u>1,441,320</u>	<u>94,869</u>	<u>263,349</u>	<u>89,749</u>	<u>1,889,287</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

10 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean) Talamh Forbartha

Cuimsíonn na tailte forbartha arna gcoinneáil ag an nGníomhaireacht Tithíochta ocht láithreán a aistríodh ón Housing and Sustainable Communities Limited (HSC Ltd) i rith 2013. B'ionann luach margaidh na dtailte sin amhail an 6 Márta 2013 agus €736,822. Thug Sherry Fitzgerald Limited, Auctioneers and Valuers faoin luacháil sin in 2013. Aistríodh cúig láithreán bhreise ón National Building Agency Limited (NBA) go díreach chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013. B'ionann luach na dtailte sin amhail an 6 Márta 2013 agus €741,501. Thug Sherry Fitzgerald Limited faoin luacháil sin in 2013. Fabhraíodh costais diúscartha 5% de luach margaidh na dtailte sin i gcuntas an NBA roimh an aistriú, a thug luach margaidh iarmharach €704,426.

Tailte arna gCoinneáil faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún	2017	2016
	€	€
Tailte arna gcoinneáil faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún	72	73
lomlán	72	73

Mar a dtugtar breac-chuntas air i Nóta 1.8 den bheartas cuntasáíochta, aithnítear tailte a aistríodh faoin scéim chomhiomlánaithe talún ag luach ainmniúil €1 in aghaidh an láithreáin aistrithe. Chuir an Gníomhaireacht Tithíochta tús i rith na bliana le próiseas athluachála na dTailte arna gcoinneáil faoin scéim. Níor críochnaíodh ach ceann amháin de na láithreáin sa bhliain, agus bhí athluacháil €7,795,000 mar thoradh air.

I ndiaidh an talamh a aistriú ó na húdaráis áitiúla, éilítear ar an nGníomhaireacht Tithíochta tuairisc a ullmhú agus straitéis a chur i bhfeidhm le haghaidh bhainistíocht, úsáid agus fhorbairt ar deireadh na talún sin, lena n-áirítear luacháil má bheartaítear talamh a dhiúscairt.

Gníomhaíocht Reatha:

Tá dhá láithreán fós sa phróiseas aistrithe chuig an nGníomhaireacht Tithíochta

Fuair dhá láithreán cead Aire dá ndiúscairt

Tá ceithre láithreán curtha ar leataobh le haghaidh tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí
Diúscaíodh láithreán amháin i rith na bliana ar €25,000; feic ioncam eile (Nóta 5.6)

Tá athluacháil á déanamh ar 16 láithreán

Cuireadh an próiseas luachála i gcrích ar láithreán amháin as na 16 láithreán i rith na bliana agus rinneadh athluacháil €7,795,000 air

Tá na láithreáin eile le hathluacháil sna blianta ina dhiaidh.

Foirgnimh a Fháil

D'aithin an Gníomhaireacht Tithíochta fáil a ceann-oifige ag a luach margaidh. Aistríodh an cheann-oifig chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ar chomhaoin Nialais.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

11 Ioncam Fabhraithe

	2017	2016
	€	€
Ioncam Fabhraithe amhail an 1 Eanáir	120,412	64,528
Ioncam ar cuireadh sonraisc ina leith go dtí an 31 Nollaig	(599,851)	(615,198)
Ioncam ó Tháillí Nóta 5.2	554,876	671,082
Ioncam Fabhraithe amhail an 31 Nollaig 2017	<u>75,437</u>	<u>120,412</u>

Cuimsíonn Ioncam Fabhraithe obair a rinneadh ach nár cuireadh sonraisc ina leith fós mar ioncam ó tháillí.

12 Suimeanna Infhaighte

	2017	2016
	€	€
Suimeanna Infhaighte Trádála	489,536	161,896
Suimeanna Infhaighte Eile	31,022	3,351,820
Réamhíocaíochtaí	59,983	33,821
	<u>580,541</u>	<u>3,547,537</u>

13 Airgead agus Coibhéisí Airgid

	2017	2016
	€	€
Airgead sa bhanc	14,834,597	2,366,738
Cuntas Taisce	2,740	2,740
	<u>14,837,337</u>	<u>2,369,478</u>

Anailís ar Airgead agus Coibhéisí Airgid

Cistí Fála	9,740,042
Dliteanas Fhearchair (Nóta 14(b))	196,406
An Scéim Leasúcháin Piríte	1,484,216
Airgead arna choinneáil thar ceann Údaráis Áitiúla (Nóta 17)	3,023,700
Caipiteal Oibre na Gníomhaireachta Tithíochta	392,973

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

14 Suimeanna Iníochta; suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin

(a) Suimeanna Iníochta

	2017	2016
	€	€
Suimeanna Iníochta Trádála	(35,656)	(11,747)
Suimeanna Iníochta Eile	(16,614)	(16,765)
Dlíteanas Fhearchair (Nóta 14(b))	(196,406)	(196,406)
Fabhruithe	(348,724)	(316,551)
PAYE/PRSI	(151,115)	(107,127)
Cáin Bhreisluacha	(615,556)	(902,232)
Cáin Shiarchoinneálach	(76,439)	(70,333)
Ioncam Iarchurtha an Chiste Piríte	-	(547,798)
Airgead arna choinneáil thar ceann Údaráis Áitiúla (Nóta 17)	(3,023,700)	(882,000)
Rialú tuarastal	(87,004)	(62,472)
Ranníocaíocht Phinsean	(393,416)	(227,601)
	<u>(4,944,630)</u>	<u>(3,341,032)</u>

(b) Dlíteanas Fhearchair

Thóg an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil dlíteanas uile na Comhpháirtíochta Tithíochta Inacmhainne amhail an 31 Nollaig 2010 ar lámh, lena n-áirítear oibleagáidí conartha i dtaobh idirbheart malartaithe talún le haonán príobháideach tríú páirtí le haghaidh réadmhaoine faoi úinéireacht an stáit ar Ardán Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

I rith 2012, rialaigh an Ard-Chúirt cás i leith an mhalartaithe talún sin i bhfabhar an aonáin phríobháidigh tríú páirtí. I ndiaidh an bhreithúnais sin, tháinig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Oifig na nOibreacha Poiblí agus an t-aonán príobháideach tríú páirtí ar chomhaontú faoin socrú deiridh a d'éascair as an mbreithúnas.

De réir an chomhaontaithe sin, d'airlic an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil airgead don Ghníomhaireacht Tithíochta. I ndiaidh treoir a fháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí, íocadh an t-airgead sin leis an tairbhí. D'éascaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta, trína cuntas bainc, fáil agus íocaíocht an airgid leis an tairbhí deiridh. Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta an tsaoráid sin ar fáil, ach níor ghearr sí aon táill ná coimisiúin ar aon pháirtí a bhí bainteach leis an gcás.

Amhail an 31 Nollaig 2017, tá suim €196,406 fós leis an nGníomhaireacht Tithíochta i leith an dlíteanas seo. Tá an tsuim sin á coinneáil ar threoir na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Amhail an 31 Nollaig 2017, níl aon dlíteanas eile ag an nGníomhaireacht Tithíochta i leith an cháis seo.

	2017	2016
	€	€
Cistí arna gcoinneáil ag an nGníomhaireacht Tithíochta amhail an 1 Eanáir	196,406	196,406
Cistí a d'airlic Oifig na nOibreacha Poiblí	-	2,519,148
Íochta le tairbhí i rith na tréimhse	-	(2,519,148)
Cistí ar lámh ag deireadh na tréimhse	<u>196,406</u>	<u>196,406</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

15 Scéim Pinsean

(a) Anailís ar Chostais Pinsean Iomlána a Gearradh ar Chaiteachas

2017	€	2016	€
Costais Seirbhíse Reatha	824,000	447,000	
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean	50,000	37,000	
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(145,841)	(133,182)	
	<u>728,159</u>	<u>350,818</u>	

(b) Anailís ar an nGluaiseacht sa Dliteanas Pinsean i Rith na Bliana

	2017	2016
	€	€
Dliteanas Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2017	2,713,000	1,448,000
Costas Seirbhíse Reatha	824,000	447,000
Costas Úis	50,000	37,000
Cailiteanas / (Gnóthachan) Achtúireach	6,280,000	781,000
Glandliteanas Pinsean amhail an 31 Nollaig 2017	<u>9,867,000</u>	<u>2,713,000</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

15 An Scéim Pinsean (ar lean)

(c) Maoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an Gníomhaireacht Tithíochta na suimeanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean ar bhunús na dtuairim a ndéantar cur síos orthu i Nóta 15(d), agus roinnt imeachtaí roimhe sin. Áirítear leis na himeachtaí sin bonn reachtúil do bhunú na scéime, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an nGníomhaireacht Tithíochta nach leanfaidh an beartas maoinithe sin ar aghaidh ag comhlíonadh suimeanna dá leithéid de réir cleachtas reatha.

Ba é an Glan-Mhaoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean a aithníodh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:

	2017	2016
	€	€
Maoiniú In-aisghabhála i leith Chostais	874,000	484,000
Pinsean na Tréimhse Reatha		
Deontas Stáit a Úsáideadh chun Pinsinéirí a Íoc	-	-
	<u>874,000</u>	<u>484,000</u>
Dlíteanas Scéime	9,867,000	2,713,000
Cailteanas / (Gnóthachan) Achtúireach ag eascairt as difríocht idir an t-eispéireas agus a rabhthas ag súil leis (Feic ** thíos)	6,032,000	781,000
Cailteanas / (Gnóthachan) Achtúireach ag eascairt as athrú ar thiomhdí luachálacha dliteanais	248,000	
Céatadán Dhilteanais na Scéime	63.65%	28.79%

B'ionann an cailteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána agus €6,280,000 (2016: €781,000).

**Aistríodh roinnt den fhoireann seirbhís le Comhlachtaí Stáit roimhe seo, agus is as sin a eascraíonn an Cailteanas Achtúireach thuasluaite.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

15 An Scéim Pinsean (ar lean)

(d) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Feidhmíonn an Gníomhaireacht Tithíochta scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe neamh-mhaoinithe le haghaidh na foirne. Is iad na scéimeanna: (i) Roimh an 1 Aibreán 2004 – Iontráil nach bhfuil Nua, (ii) I ndiaidh an 1 Aibreán 2004 – Iontráil Nua, agus (iii) I ndiaidh an 1 Aibreán 2013 – Scéim Pinsean Aonair. Tá a téarmaí agus coinníollacha féin ag gach scéim pinsean i ndáil le haois scoir agus ríomh na bpinsean agus na cnapshuime. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann chun cinn faoi na scéimeanna as ioncam reatha agus gearrtar iad ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe, sa bhliain ina n-éiríonn siad iníochta.

Leagtar amach na torthaí thíos atá bunaithe ar luacháil achtúireach na ndlíteanas pinsean i leith fhoireann reatha, ar scor agus mharbh na Gníomhaireachta Tithíochta amhail an 31 Nollaig 2017. Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil sin chun críche an chaighdeán cuntasaiochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais – Sochair Scoir (FRS102).

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

Modh Luachála	2017	2016
Ráta Lascaine	1.85%	1.83%
Ráta Méadaithe ar Thuarastail	2.93%	2.81%
Méadú ar an bPinsean Stáit sa Todhchaí	1.93%	1.81%
Méaduithe ar Phinsean sa Todhchaí	2.43%	2.31%
Boilsciú	1.93%	1.81%

Meán-ionchas Saoil a Úsáideadh chun Dlíteanas a Chinneadh

	2017	2016
Fear 65 bliana d'aois	21	21
Bean 65 bliana d'aois	24	24

Meán-ionchas Saoil sa Todhchaí de réir na dTáblaí Mortlaíochta a Úsáideadh chun na Dlíteanas Phinsean a Chinneadh.

16 Comhaltaí Boird na Gníomhaireachta – Nochtadh Leasanna faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht cloí le ceanglais an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 agus na nósanna imeachta dá réir sin, agus cloíodh leo sa tréimhse.

Ní raibh aon idirbhearta i rith na tréimhse i leith ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ina raibh leas tairbhiúil ag Comhaltaí na Gníomhaireachta.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

17 Cabhrú le húdaráis áitiúla tithíocht a cheannach

Gníomhaíonn an Gníomhaireacht Tithíochta mar lárionad le haghaidh eagraíochtaí éagsúla chun réadmhaoine a cheannach ó ghlacadóirí/iasachtóirí. Sainaithníodh réadmhaoine oiriúnacha ó na punanna agus cheadaigh údaráis áitiúla ceannach na réadmhaoine ábhartha. Chuir na húdaráis áitiúla na cistí ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta agus íocadh na cistí ábhartha ansin ar na réadmhaoine sna punanna ábhartha. In 2017, cheannaigh an Gníomhaireacht Tithíochta tithe ar an mórchóir ó institiúidí iasachtaithe thar ceann údaráis áitiúla go náisiúnta. Ní leis an Gníomhaireacht Tithíochta stoc tithíochta dá leithéid. Tugtar breac-chuntas thíos ar na hidirbhearta faoin gclár:

	2017	2016
	€	€
Maoiniú Faighte	19,584,200	1,109,500
Stoc Tosaigh	-	1,698,000
Ceannacháin	(16,560,500)	(2,807,500)
Stoc Deiridh	-	-
Iarmhéid Maoinithe Faighte	<u>**3,023,700</u>	<u>-</u>
Costais Fála	*325,844	*325,043

** Coinnítear iarmhéid an mhaoinithe a fuarthas i suimeanna iníoctha (Nóta 14)

* Tabhaítear costais fála tríd an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus tá siad le haisghabháil ag dáta níos deireanaí.

Costais Fhine Gall

I rith na bliana, thabhaigh an Gníomhaireacht Tithíochta costais €278,337 thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gal. Aisghabhadh €233,497 den chostas sin cheana féin agus tá an t-iarmhéid €44,840 le haisghabháil.

18 Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine

Cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht Tithíochta tithíocht fholamh a fháil le húsáid mar thithíocht shóisialta faoin bPlean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine. Is é ról na Gníomhaireachta chuige sin plé le bainc, infheisteoirí agus úinéirí féideartha eile cúpla punann réadmhaoine chun réadmhaoine a fháil ar bhonn náisiúnta agus iad a dhiúscairt ar a gcostas le comhlachtaí tithíochta agus údaráis áitiúla.

(i) Ciste Imrothlach €76m

Soláthraítear maoiniú don cheannach ó dheontas imrothlach suas le €76 milliún ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Caitear leis an deontas mar mhaoiniú fadtéarmach agus déantar cuntas air sa Chúlchiste Fála Réadmhaoine sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Ba iad idirbhearta na scéime in 2017:

- Sholáthair an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maoiniú €66m
- Íocadh tascí agus ceannacháin tithe le hathdhíol dar luach €64,312,844 ar an iomlán in 2017. Tá sé i gceist ag an nGníomhaireacht na ceannacháin sin a dhíol in 2018, ag a gcostas, le comhlachtaí tithíochta agus údaráis áitiúla thar thréimhse ghearr.
- Rinneadh oibreacha uasghrádaithe caipitil dar luach €1,737,129 freisin ar chuid de na tithe, agus áirítear é sin mar luach méadaithe ar an stoc tithíochta.
- Aisíocadh éarlaisí dar luach €2,087,569 de bharr ceannach nach ndeachthas chun cinn leo.
- Diúscairtí tithíochta ar a costas le AHBanna, dar luach €7,170,014.
- Caitear leis na tithe mar stoc agus rinneadh cuntas orthu mar seo a leanas:

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

18 Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídin (ar lean)

Ráiteas ar Staid an Airgeadais: Cúlchiste Fála Tithíochta	2017	2016
Iarmhéid Tosaigh	9,952,025	-
Ioncam Deontais	66,788,975	9,952,025
Deontais Charnacha i gCúlchistí	76,741,000	9,952,025
Idirbhearta i rith na bliana		
Díolacháin	7,170,014	-
Costas na nDíolachán		
Fardail Tosaigh	9,952,025	-
Éarlais Íoctha & Ceannacháin	64,312,844	9,952,025
Feabhsuithe ar Fhoirgnimh	1,737,129	-
Aisíocaíochtaí	(2,087,569)	-
Aistrithe chuig Údaráis Áitiúla gan aon Chomaoin (Nóta C)	(1,899,500)	-
Stoc Deiridh	(64,844,915)	(9,952,025)
Costas lomlán na nDíolachán	7,170,014	-
Brabús Comhlán	-	-
Ceannacháin Neamh-inghabhála agus Costais Díolachán (Nóta A)		
Táillí Dlí agus Gairmiúla	1,254,298	-
Costais Fála Tithíochta	1,800,222	-
Costais Neamh-inghabhála lomlána	(3,054,520)	-
Ioncam Cíosa (Nóta B)	8,180	-
Aistrithe chuig Údaráis Áitiúla gan aon Chomaoin (Nóta C)	(1,899,500)	-
Brabús/(Caillteanas)	(4,945,840)	-
Iarmhéid i gCúlchistí	71,795,160	-

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

18 Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine (ar lean)

Nóta A – Is costais iad seo a d’iompair an Ghníomhaireacht Tithíochta nuair a ceannaíodh Tithíocht.

Nóta B – Is ioncam cíosa isteach é seo a ghintear ó chuid den stoc tithíochta arna choinneáil sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Nóta C – Is é seo luach an stoic tithíochta a aistrítear chuig údaráis áitiúla ag nialas. Is é seo an méid stoic a cionroinneadh in aghaidh an Chúlchiste Fála Tithíochta.

Ríomhtar Brabús agus Caillteanas de réir ioncam cíosa lúide costais neamh-inghabhála. Tógtar caillteanais ón gciste imrothlach €76m ansin go dtí an bhliain dár gcionn.

Costais Fála Tithíochta (Ciste 76m)

2017

	€
Sainchomhairleoir Fála	82,822
Foireann Gníomhaireachta	63,968
Ceannacháin, Díolacháin agus Costais Choinneála	1,254,298
Dleacht Stampála	559,139
Luachálacha Réadmhaoine	161,787
Árachas	139,794
Cigireachtaí Réadmhaoine	345,491
Cáin Mhaoine Áitiúil	202,841
Comhairle Ghairmiúil	88,912
Muirir Sheirbhíse	54,915
Seirbhísí Slándála	7,095
Costais Fóntas agus Nasctha	5,383
Speansais Ilghnéitheacha	2,047
Costais (Neamh-inghabhála) na gComhlachtaí Tithíochta Faofa	86,028
	3,054,520

19 Ceanglais

Thar ceann na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi leasú na dtithe a bhfuil pírit ag dul i bhfeidhm orthu. Faigheann an Bord Réitigh Piríte éilimh faoin Scéim Leasúcháin Piríte. Mar chuid den scéim sin, déantar conarthaí oibre le sainchomhairleoirí innealtóireachta agus tógála agus le conraitheoirí innealtóireachta sibhialta agus tógála. Ina theannta sin, tá úinéirí tí ar glacadh lena teaghaisí sa scéim seo i dteideal caiteachas áirithe a thabhaigh siad sula nglactar seo sa scéim agus a thabhaítear i rith oibreacha leasúcháin a aisghabháil.

Ní dhearnadh aon fhoráil sna cuntais i leith an dliteanais fhéideartha faoin scéim mar gurb é beartas an Bhoird costais na n-éileamh a aithint de réir mar a fhaomhtar iad. Measann an Bord Réitigh Piríte go mbeidh costais iomlána na scéime leasúcháin cothrom le €131 milliún, atá bunaithe ar chostais réamh-mheasta go ceann cúig bliana bunaithe ar an meánchostas in aghaidh an tí.

Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí na ceanglais agus oibleagáidí conartha seo a leanas ag an nGníomhaireacht Tithíochta maidir leis an Scéim Leasúcháin Piríte.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

19 Ceanglais (ar lean)

Sainchomhairleoirí Foirgníochta	2017	2016
	€	€
Luach iomlán Chonarthaí na Sainchomhairleoirí Foirgníochta amhail an 31 Nollaig 2017	3,680,574	3,662,691
Luach iomlán na nÍocaíochtaí ar an gCuntas go dtí an 31 Nollaig 2017	(1,207,256)	(950,771)
Ceanglais Chonartha gan íoc le Sainchomhairleoirí amhail an 31 Nollaig 2017	<u>2,473,318</u>	<u>2,711,920</u>

Níl an Ghníomhaireacht Tithíochta i dteideal cáin bhreisluacha a aisghabháil agus dá bhrí sin tá cáin bhreisluacha san áireamh sna suimeanna ar fad. Déantar cuntas ar íocaíochtaí le sainchomhairleoirí mar chostais íochta.

Conraitheoirí Oibre	2017	2016
	€	€
Luach iomlán Chonarthaí na gConraitheoirí Oibre amhail an 31 Nollaig 2017	69,371,709	69,762,272
Luach iomlán na nÍocaíochtaí ar an gCuntas go dtí an 31 Nollaig 2017	(22,051,523)	(23,677,415)
Ceanglais Chonartha gan íoc le Conraitheoirí amhail an 31 Nollaig 2017	<u>47,320,186</u>	<u>46,084,857</u>

Níl an Ghníomhaireacht Tithíochta i dteideal cáin bhreisluacha a aisghabháil agus dá bhrí sin tá cáin bhreisluacha san áireamh sna suimeanna ar fad. Déantar cuntas ar íocaíochtaí le conraitheoirí mar chostais íochta.

20 An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta

I rith na bliana, ghlac an Ghníomhaireacht Tithíochta le costais €13,580 thar ceann na Gníomhaireachta Náisiúnta Foirgníochta.

21 Tréimhsí Cuntasaíochta

Baineann na cuntais reatha le tréimhse 12 mhí, dar críoch an 31 Nollaig 2017. Baineann na figiúirí comparáideacha le tréimhse 12 mhí, dar críoch an 31 Nollaig 2016.

22 Imeachtaí ina Dhiaidh Sin

An 27 Aibreán 2018, cheap an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Michael Carey mar Chathaoirleach na Gníomhaireachta Tithíochta ar feadh tréimhse cúig bliana.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

23 Nochtadh Páirtí Ghaolmhair

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na comhaltaí Boird an príomhphearsanra bainistíochta sa Ghníomhaireacht Tithíochta. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus speansais na gcomhaltaí Bord agus luach saothair iomláin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus €120,287 (2016: €117,603). Tugtar miondealú iomlán ar an luach saothair agus sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta i Nóta 6.

Glacann an Ghníomhaireacht Tithíochta le nósanna imeachta de réir na dtreoirínte a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bhaineann le leasanna pearsanta comhaltaí Boird.

24 Na Ráitis Airgeadais a Fhaomhadh

D'fhaomh an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint an 26 Meitheamh 2018.



www.housingagency.ie

ISBN 978-1-903848-49-4